2025/1095

28.5.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2025/1095 ÓN gCOMHAIRLE

an 27 Bealtaine 2025

lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2013/255/CBES ón gComhairle an 31 Bealtaine 2013 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria [1], agus go háirithe Airteagal 30(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Bealtaine 2013, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/255/CBES.

(2) Ar bhonn athbhreithniú a rinneadh ar Chinneadh 2013/255/CBES, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le 22 eintiteas a scriosadh ó liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh sin, chomh maith leis na hiontrálacha in Iarscríbhinní II agus III. Ina theannta sin, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le 302 dhuine nádúrtha agus 50 eintiteas a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh sin a thabhairt cothrom le dáta agus a leasú.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2013/255/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Bealtaine 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A. SZŁAPKA

[1] IO L 147, 1.6.2013, lch. 14 ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/255/oj.

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES mar a leanas:

(i) i Roinn ‘A. Daoine’, in ionad na 302 iontráil a leanas, cuirtear an méid seo a leanas:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
‘1.	Bashar (بشـــار) AL-ASSAD (الأسد)	Dáta breithe: 11.9.1965; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Pas taidhleoireachta Uimh. D1903; Inscne: fireann	IarUachtarán na Poblachta; an duine a d’údaraigh an chniogbheartaíocht ar léirsitheoirí agus a rinne maoirseacht uirthi.	23.5.2011
2.	Maher (ماهر) (ar a tugtar freisin Mahir) AL-ASSAD (الأسد)	Dáta breithe: 8.12.1967; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Pas taidhleoireachta Uimh. 4138; Post: Maorghinearál den 42ú Briogáid agus IarCheannasaí Briogáidire de 4ú Rannán Armúrtha an Airm Inscne: fireann	Comhalta d’Fhórsaí Armtha na Siria agus é mar choirnéal, nó rang coibhéiseach nó níos airde aige, ó mhí na Bealtaine 2011 faoi iar-réimeas al-Assad; Maorghinearál den 42ú Briogáid agus IarCheannasaí Briogáidire de 4ú Rannán Armúrtha an Airm faoi iar-réimeas al-Assad. Ball de mhuintir Assad; deartháir leis an iarUachtarán Bashar al-Assad.	9.5.2011
3.	Ali MAMLUK (ar a dtugtar freisin Ali Mamlouk; Ali al-Mamlouk; Abu Ayham) (علي المملوك; أبو أيهم; علي مملوك)	Dáta breithe: 19.2.1946; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Pas taidhleoireachta Uimh. 983; Inscne: fireann	Comhairleoir Uachtaránachta do Ghnóthaí Slándála ó mhí Eanáir 2024 faoi iar-réimeas al-Assad. IarLeas-Uachtarán Phoblacht Arabach na Siria do ghnóthaí slándála. IarStiúrthóir den Bhiúró Slándála Náisiúnta. IarCheann Stiúrthóireacht um Fhaisnéis na Siria a raibh baint aige leis an bhforéigean i gcoinne léirsitheoirí.	9.5.2011
4.	Atif NAJIB (ar a dtugtar freisin Atef; Atej Najeeb) (عاطف نجيب)	Áit bhreithe: Jablah, an tSiria; Céim: Briogáidireghinearál; Inscne: fireann	IarCheann na Stiúrthóireachta um Shlándáil Pholaitiúil in Dara’a faoi iar-réimeas al-Assad. Bainteach le foréigean i gcoinne léirsitheoirí. Ball de mhuintir Assad; col ceathrar leis an iarUachtarán Bashar al-Assad.	9.5.2011

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
5.	Hafiz (حافظ) MAKHLOUF (مخلوف) (ar a dtugtar freisin Hafez Makhlouf)	Dáta breithe: 2.4.1971; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Pas taidhleoireachta Uimh. 014637352; Inscne: fireann	IarChoirnéal agus Ceann Aonaid sa Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Ghinearálta, Brainse na Damaisce tar éis mhí na Bealtaine 2011 faoi iar-réimeas al-Assad. Duine de mhuintir Makhlouf; col ceathrar leis an iarUachtarán Bashar al-Assad.	9.5.2011
6.	Muhammad (محمد) Dib (ديب) ZAYTUN (زيتون) (ar a dtugtar freisin Mohammed Dib Zeitoun; ar a dtugtar freisin Mohamed Dib Zeitun)	Dáta breithe: 20.5.1951; Áit bhreithe: Jubba, cúige na Damaisce, an tSiria; Pas taidhleoireachta Uimh. D000001300; Inscne: fireann	Ceann na Stiúrthóireachta um tSlándáil Pholaitiúil ó mhí Iúil 2019 i leith faoi iar-réimeas al-Assad. IarCheann na Stiúrthóireachta um an tSlándáil Ghinearálta; bainteach le foréigean i gcoinne léirsitheoirí.	9.5.2011
7.	Amjad (أمجد) ABBAS (عباس) (ar a dtugtar freisin al-Abbas)	Inscne: fireann	Iarcheann ar an tslándáil pholaitiúil in Banyas faoi iar-réimeas al-Assad, bainteach le foréigean i gcoinne léirsitheoirí in Baida. Fuair ardú céime go Coirnéal in 2018.	9.5.2011
8.	Rami (رامي) MAKHLOUF (مخلوف)	Dáta breithe: 10.7.1969; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Uimhir an phas: 000098044; Uimh. eisiúna 002-03-0015187; Inscne: fireann	Mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria, a bhfuil leasanna aige in earnálacha na seirbhísí airgeadais, an iompair agus na maoine. Tá leas airgeadais aige agus/nó tá poist shinsearacha agus feidhmiúcháin aige sna cistí infheistíochta Al Mashreq, Bena Properties agus Cham Holding. Tugann sé maoiniú agus tacaíocht d'iar-réimeas al-Assad trína leasanna gnó. Is duine mór le rá é de mhuintir Makhlouf agus tá dlúthcheangal aige le muintir Assad; col ceathrar an iarUachtaráin Bashar al-Assad.	9.5.2011
9.	Abd al-Fatah (عبد الفتاح) QUDSIYAH (قُدسية)	Dáta breithe: 4.2.1953; Áit bhreithe: Hama, an tSiria; Pas taidhleoireachta Uimh. D0005788; Inscne: fireann	Oifigeach atá ina Mhaor-Ghinearál ar Fhórsaí Armtha na Siria, sa phost tar éis mhí na Bealtaine 2011 faoi iar-réimeas al-Assad. Leas-Stiúrthóir den Bhiúró Slándála Náisiúnta den Pháirtí Ba'ath. IarCheann Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Mhíleata na Siria. Bainteach le cur faoi chois foréigneach ar an bpobal sibhialtach sa tSiria.	9.5.2011

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
10.	Jamil (جميل) (ar a dtugtar freisin Jameel) HASSAN (حسن) (ar a dtugtar freisin al-Hassan)	Dáta breithe: 7.7.1953; Áit bhreithe: Qusayr, cúige Homs, an tSiria; IarCheann ar roinn faisnéise Aerfhórsa na Siria; Inscne: fireann	Oifigeach ar chéim Maorghinearáil in Aerfhórsa na Siria ó mhí na Bealtaine 2011 faoi iar-réimeas al-Assad. IarCheann ar roinn faisnéise Aerfhórsa na Siria ó mhí na Bealtaine 2011 agus go dtí mí Iúil 2019. Freagrach as cur faoi chois foréigneach ar an bpobal sibhialtach sa tSiria.	9.5.2011
11.	Mohammad Mouti' MOUAYYAD (ar a dtugtar freisin Mohammad Muti'a Moayyad)	Dáta breithe: 1968; Áit bhreithe: Ariha (Idlib), an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Stáit a bhí i gcumhacht ó mhí na Bealtaine 2011 (arna cheapadh an 27.8.2014) faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	21.10.2014
12.	Ghazwan Rifaat Kheir BEK (ar a dtugtar freisin Ghazqan Kheir Bek)	Dáta breithe: 10.3.1961; Áit bhreithe: Al-Shamiyah, Latakia, an tSiria; Uimhir aitheantais: 06010037444; Inscne: fireann	IarAire Iompair a bhí i gcumhacht ó mhí na Bealtaine 2011 (arna cheapadh an 27.8.2014) faoi iar-réimeas al-Assad. Bhí sé ina Ardstiúrthóir ar Chalafort Tartus roimhe sin. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	21.10.2014
13.	Munzir (منذر) (ar a dtugtar freisin Mundhir, Monzer) Jamil (جميل) AL-ASSAD (الأسد)	Dáta breithe: 1.3.1961; Áit bhreithe: Kerdaha, Cúige Latakia, an tSiria; Pasanna Uimh. 86449 agus Uimh. 842781; Inscne: fireann	Bainteach le foréigean in aghaidh an phobail shibhialtaigh mar chuid den mhílíste Shabiha faoi iar-réimeas al-Assad.	9.5.2011
14.	an Briogáidireghinearál Mohammed BILAL (ar a dtugtar freisin Leifteanant-Choirnéal Muhammad Bilal)	Dáta breithe: 25.5.1971; Inscne: fireann	Ina cháil mar oifigeach sinsearach i Seirbhís Faisnéise Aerfhórsa na Siria faoi iar-réimeas al-Assad, tacaíonn sé le hiar-réimeas al-Assad agus tá sé freagrach as an gcur faoi chois le foréigean a rinneadh ar an bpobal sibhialtach. Tá baint aige freisin leis an Scientific Studies Research Centre (SSRC), eintiteas liostaithe.	21.10.2014

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
15.	Kamal CHEIKHA (ar a dtugtar freisin Kamal al-Sheikha)	Dáta breithe: 1961; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire um Acmhainní Uisce i gcumhacht ó mhí na Bealtaine 2011 (arna cheapadh an 27.8.2014) faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	21.10.2014
16.	Faruq (فـاروق) (ar a dtugtar freisin Farouq, Farouk) AL SHAR' (الشـرع) (ar a dtugtar freisin Al Char', Al Shara', Al Shara)	Dáta breithe: 1.1.1938; Inscne: fireann	IarLeas-Uachtarán na Siria faoi iar-réimeas al-Assad; Bainteach le foréigean i gcoinne an phobail shibhialtaigh.	23.5.2011
17.	Hassan NOURI (ar a dtugtar freisin Hassan al-Nouri)	Dáta breithe: 9.2.1960; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire um Fhorbairt Riaracháin i gcumhacht ó mhí na Bealtaine 2011 (arna cheapadh an 27.8.2014) faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	21.10.2014
18.	Mohammed (محمد) HAMCHO (حمشو)	Dáta breithe: 20.5.1966; Pas Uimh. 002954347; Inscne: fireann	Mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria, a bhfuil leasanna aige in earnálacha na hinnealtóireachta agus na tógála, na meán, an fháilteachais agus na sláinte. Tá leas airgeadais aige agus/nó tá poist shinsearacha agus feidhmiúcháin aige i roinnt cuideachtaí sa tSiria, go sonrach in Hamsho International, in Hamsho Communication, in Mhg International, Jupiter for Investment and Tourism Project agus Syria Metal Industries. Tá ról tábhachtach aige sa phobal gnó sa tSiria mar ardrúnaí Chomhlachas Tráchtála na Damaisce (ceaptha ag an Aire Geilleagair ag an am, Khodr Orfali, i mí na Nollag 2014), mar chathaoirleach ar Chomhairlí Déthaobhacha Gnó na Síne-na Siria (ó mhí an Mhárta 2014) agus mar chathaoirleach ar Comhairle Miotail agus Cruach na Siria (ó mhí na Nollag 2015). Tá dlúthchaidreamh gnó aige le pearsana tábhachtacha in iar-réimeas al-Assad, lena n-áirítear Maher al-Assad. Baineann Mohammed Hamcho tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus tugann sé tacaíocht dó trína leasanna gnó, agus tá baint aige le daoine a bhaineann tairbhe as an iar-réimeas sin agus a thugann tacaíocht dó.	27.1.2015

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
19.	Iyad (إياد) (ar a dtugtar freisin Eyad) MAKHLOUF (مخلوف)	Dáta breithe: 21.1.1973; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Pas Uimh. N001820740; Inscne: fireann	Duine de mhuintir Makhlouf; mac le Mohammed Makhlouf, deartháir Hafez Makhlouf agus Rami Makhlouf agus deartháir Ihab Makhlouf; col ceathrar leis an iarUachtarán Bashar al-Assad. Comhalta de sheirbhísí slándála agus faisnéise na Siria sa phost ó mhí na Bealtaine 2011 faoi iar-réimeas al-Assad. Oifigeach sa Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Ghinearálta a raibh baint aige le foréigean i gcoinne an phobail shibhialtaigh sa tSiria.	23.5.2011
20.	Bassam (بسام) AL HASSAN (الحسن) (ar a dtugtar freisin Al Hasan)	Dáta breithe: 6.3.1962; Áit bhreithe: Sheen, Homs, a tSiria; Céim: Maorghinearál; Inscne: fireann	Comhairleoir Uachtaránachta do Ghnóthaí Straitéiseacha faoi iar-réimeas al-Assad; ceann Stiúrthóireacht Ghinearálta na Cosanta Náisiúnta. Bainteach le foréigean i gcoinne an phobail shibhialtaigh.	23.5.2011
22.	Ihab MAKHLOUF (ar a dtugtar freisin Ehab, Iehab) (ايهاب مخلوف)	Dáta breithe: 21.1.1973; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Uimhir an phas: N002848852; Inscne: fireann	Mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria agus atá nasctha le hiar-réimeas al-Assad. Tá leasanna gnó aige i roinnt cuideachtaí agus eintiteas sa tSiria, lena n-áirítear Ramak Construction Co agus an Syrian International Private University for Science and Technology (SIUST). Is duine mór le rá é de mhuintir Makhlouf agus tá dlúthcheangal aige le muintir Assad; col ceathrar leis an iarUachtarán Bashar al-Assad. In 2020, chuaigh Ehab Makhlouf i gceannas ar ghníomhaíochtaí gnó Rami Makhlouf agus bhronn rialtas na Siria na conarthaí dó chun na margaí atá saor ó dhleacht ar fud na tíre a oibriú agus a bhainistiú.	23.5.2011
24.	Riyad (رياض) CHALICHE (شاليش) (ar a dtugtar freisin Shalish, Shaleesh) (ar a dtugtar freisin Riyad Shalish)	Feidhm: cathaoirleach Riyad Isa Development Corporation; Inscne: fireann	IarStiúrthóir an Military Housing Establishment; soláthraíonn sé cistiú d'iar-réimeas al-Assad; col ceathrar leis an iarUachtarán Bashar al-Assad.	23.6.2011

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
25.	Ceannasaí Briogáidire Mohammad (محمد) (ar a dtugtar freisin Mohamed, Muhammad, Mohammed) Ali (علي) JAFARI (جعفري) (ar a dtugtar freisin Jaafari, Ja'fari, Aziz; ar a dtugtar freisin Jafari, Ali; ar a dtugtar freisin Jafari, Mohammad Ali; ar a dtugtar freisin Ja'fari, Mohammad Ali; ar a dtugtar freisin Jafari-Naja-fabadi, Mohammad Ali)	Dáta breithe: 1.9.1957; Áit bhreithe: Yazd (an Iaráin); Inscne: fireann	Ceann an "Baqiayt Allah", eagraíocht chultúrtha Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí. Ceannasaí Ginearálta Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí go dtí 21.4.2019, agus baint aige le soláthar trealaimh agus tacaíochta a chuidíonn le hiar-réimeas al-Assad agóidí a chur faoi chois sa tSiria.	23.6.2011
27.	Hossein (حسين) TAEB (طائب) (ar a dtugtar freisin Taeb, Hassan; ar a dtugtar freisin Taeb, Hosein; ar a dtugtar freisin Taeb, Hossein; ar a dtugtar freisin Taeb, Hussayn; ar a dtugtar freisin Hojjatoleslam Hossein Ta'eb)	Dáta breithe: 1963; Áit bhreithe: Tehran, an Iaráin; Inscne: fireann	Stiúrthóir Sheirbhís Faisnéise Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí. IarCheannasaí Ginearálta Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí, agus baint aige le soláthar trealaimh agus tacaíochta a chuidíonn le hiar-réimeas al-Assad agóidí a chur faoi chois sa tSiria.	23.6.2011
28.	Khalid (ar a dtugtar freisin Khaled) QADDUR (ar a dtugtar freisin Qadour, Qaddour, Kaddour) (خالد قدور)	Inscne: fireann	Mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria, a bhfuil leasanna agus/nó gníomhaíochtaí aige in earnáil na teileachumarsáide agus i dtionscail na hola, an phlaistigh agus an tobac agus a bhfuil dlúthchaidreamh gnó aige le Maher al-Assad. Tá baint aige le gníomhaíochtaí smuigleála. Baineann sé tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus tugann sé tacaíocht dó trína chuid gníomhaíochtaí gnó. Is comhlach de chuid Maher al-Assad é, lena n-áirítear trína chuid gníomhaíochtaí gnó.	27.1.2015
29.	Ra'if (رئيف) AL-QUWATLY (القوتلي) (ar a dtugtar freisin Ri'af al-Quwatli, ar a dtugtar freisin Raeef al-Kouatly)	Dáta breithe: 3.2.1967; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Inscne: fireann	Is comhlach gnó de chuid Maher al-Assad é agus é freagrach as roinnt dá chuid leasanna gnó siúd a bhainistiú; soláthraíonn sé cistiú d'iar-réimeas al-Assad.	23.6.2011

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
30.	Mohammad (ar a dtugtar freisin Muhammad, Mohamed, Mohammed, Muhamad) al-MUFLEH (ar a dtugtar freisin al-Muflih) (محمد المفلح)	Dáta breithe: roimh 1964 Inscne: fireann	Ceann Stiúrthóireacht na Siria um Fhaisnéis Mhíleata i mbaile Hama faoi iar-réimeas al-Assad; páirteach sa chniogbheartaíocht ar léirsitheoirí.	1.8.2011
31.	Maorghinearál Tawfiq (تَوفِيـــق) (ar a dtugtar freisin Tawfik) YOUNES (يـــونس) (ar a dtugtar freisin Yunes)	Dáta breithe: 5.1.1956; Inscne: fireann	IarCheann Roinn na Cosanta Náisiúnta den Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Ghinearálta faoi iar-réimeas al-Assad; Bainteach le foréigean i gcoinne an phobail shibhialtaigh.	1.8.2011
33.	Ayman JABIR (ar a dtugtar freisin Aiman Jaber) (أيمن جابر)	Dáta breithe: 17.1.1967; Áit bhreithe: Lattakia, an tSiria; Inscne: fireann	Mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria, agus a bhfuil baint aige leis na hearnálacha cruach, meán, earraí inchaite agus ola, lena n-áirítear trádáil na n-earraí sin. Tá leas airgeadais aige agus/nó tá poist feidhmiúcháin shinsearacha aige i roinnt cuideachtaí agus eintiteas sa tSiria, go sonrach Al Jazira (ar a dtugtar freisin Al Jazerra; El Jazireh), Dunia TV, agus Sama Satellite Channel. Trína chuideachta Al Jazira, d'éascaigh Ayman Jabir allmhairiú ola ó Overseas Petroleum Trading chuig an tSiria. Baineann Ayman Jabir tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus tugann sé tacaíocht dó trína chuid gníomhaíochtaí gnó. Tugann sé tacaíocht dhíreach do ghníomhaíochtaí de chuid mílístí réimeas-chleamhnaithe agus ar a dtugtar Shabiha agus/nó Suqur as-Sahraa, agus tá ról lárnach aige sna gníomhaíochtaí sin. Is uachtarán oinigh é ar "Wafa lil-Watan" (dílseacht don tír dhúchais), cumann a thugann cúnamh do mhuintireacha saighdiúirí agus mílístí ón tSiria. Is comhlach de chuid Rami Makhlouf é trína ghníomhaíochtaí gnó, agus is comhlach de chuid Maher al-Assad é trína ról i mílístí réimeas-chleamhnaithe.	27.1.2015
34.	Hayel (هيثم) AL-ASSAD (الأسد) (ar a dtugtar freisin Hael al-Asad (هاثم الأسد))	Dáta breithe: 8.9.1968; Inscne: fireann	Cúntóir le Maher al-Assad; Ceann an aonaid póilíneachta míleata de 4ú rannán an airm faoi iar-réimeas al-Assad, a raibh baint aige leis an gcur faoi chois.	23.8.2011

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/1095/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
35.	Ali (علي) AL-SALIM (السليم) (ar a dtugtar freisin al-Saleem)	Inscne: fireann	Stiúrthóir ar oifig soláthair Roinn Cosanta na Siria faoi iar-réimeas al-Assad, pointe iontrála do na hairm go léir a fuair arm na Siria le linn iar-réimeas al-Assad.	23.8.2011
37.	Maorghinearál Rafiq (رفيق) (ar a dtugtar freisin Rafeeq) SHAHADAH (شحادة) (ar a dtugtar freisin Shahada, Shahade, Shahadeh, Chahada, Chahade, Chahadeh, Chahada)	Dáta breithe: 5.1.1956; Áit bhreithe: Jablah, Cúige Latakia, an tSiria; Inscne: fireann	Comhalta d'Fhórsaí Armtha na Siria atá ina Mhaorghinearál, sa phost ó mhí na Bealtaine 2011 faoi iar-réimeas al-Assad. IarCheann Sheirbhís Faisnéise na Siria, (SMI), brainse 293 (Gnóthaí Inmheánacha), sa Damaisc. Baint go díreach aige leis an gcur faoi chois agus leis an bhforéigean i gcoinne an phobail shibhialtaigh sa Damaisc. Comhairleoir don iarUachtarán Bashar al-Assad maidir le ceisteanna straitéiseacha agus faisnéis mhíleata.	23.8.2011
42.	Briogáidire-Ghinearál Nawful (نوفل) (ar a dtugtar freisin Nawfal, Nofal, Nawfel) AL-HUSAYN (الحسين) (ar a dtugtar freisin al-Hussain, al-Hussein)	Inscne: fireann	Ceann Brainse Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Mhíleata, (Idlib) na Siria faoi iar-réimeas al-Assad. Baint go díreach aige leis an gcur faoi chois foréigneach ar an bpobal sibhialtach i gCúige Idlib.	23.8.2011
43.	Brigáidire Husam (حسام) SUKKAR (سكر)	Inscne: fireann	Comhairleoir Uachtaránachta maidir le Gnóthaí Slándála faoi iar-réimeas al-Assad. Comhairleoir Uachtaránachta maidir le foréigean na ngníomhaireachtaí agus an gcur faoi chois foréigneach a rinnea siad ar an bpobal sibhialtach sa tSiria.	23.8.2011
44.	Brigáidirghinearála Muhammed (محمد) (ar a dtugtar freisin Muhamad) ZAMRINI (زعريني) (ar a dtugtar freisin Zamreni)	Inscne: fireann	Ceann Brainse Stiúrthóireacht na Siria um Fhaisnéis Mhíleata in Homs faoi iar-réimeas al-Assad. Baint go díreach aige leis an gcur faoi chois agus leis an bhforéigean i gcoinne an phobail shibhialtaigh in Homs.	23.8.2011
45.	Munir (منير) (ar a dtugtar freisin Mounir, Mouneer, Monir, Moneer, Muneer) ADANOV (ادنوف) (ar a dtugtar freisin Adnuf, Adanof)	Dáta breithe: 1951; Áit bhreithe: Homs, an tSiria; Pas Uimh. 0000092405; Post: LeasCheann na Foirne Ginearálta, Oibríochtaí agus Oiliúint, Arm na Siria le linn iar-réimeas al-Assad; Céim: Céim: Leifteanant-ghinearál, Airm Arabach na Siria; Inscne: fireann	Oifigeach ar chéim an Leifteanant-ghinearál agus LeasCheann na Foirne Ginearálta, Oibríochtaí agus Oiliúint in Arm na Siria, ó mhí na Bealtaine 2011 faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar LeasCheann na Foirne Ginearálta, bhí baint go díreach aige leis an gcur faoi chois foréigneach a rinneadh ar an bpobal sibhialtach sa tSiria.	23.8.2011

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
46.	Brigáidireghinerál Ghassan (غسان) KHALIL (خليل) (ar a dtugtar freisin Khaleel)	Dáta breithe: 3.5.1957; Inscne: fireann	Ceann Bhrainse Faisnéise na Stiúrthóireachta um Fhaisnéis Ghinearálta faoi iar-réimeas al-Assad. Baint go díreach aige leis an gcur faoi chois agus leis an bhforéigean i gcoinne an phobail shibhialtaigh sa tSiria.	23.8.2011
47.	Mohammed (محمد) (ar a dtugtar freisin Mohammad, Muhammad, Mohamed) JABIR (جابر) (ar a dtugtar freisin Jaber)	Áit bhreithe: Lattakia, an tSiria; Inscne: fireann	Mílíste Shabiha faoi iar-réimeas al-Assad. Is comhlach de chuid Maher al-Assad é do mhílíste Shabiha. Baint go díreach aige leis an gcur faoi chois foréigneach a rinneadh ar an bpobal sibhialtach agus le comhordú ghrúpaí mílíste Shabiha.	23.8.2011
48.	Samir HASSAN (سمير حسن)	Dáta breithe: 10.8.1953; Inscne: fireann	Mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria, a bhfuil leasanna agus/nó gníomhaíochtaí aige san iliomad earnálacha i ngeilleagar na Siria. Tá leasanna aige agus/nó tá tionchar suntasach aige in Amir Group agus in Cham Holding, dhá ilchuideachta a bhfuil leasanna acu in earnálacha na réadmhaoine, na turasóireachta, an iompair agus an airgeadais. Uachtarán Chomhairle Gnó na Siria-na Rúise agus ról nach beag aige sa chaidreamh eacnamaíoch le Cónaidhm na Rúise trí Chomhairle Gnó na Siria-na Rúise. Tacaíonn Samir Hassan le hiar-réimeas al-Assad trí thabhartais airgid thirim a thabhairt dó. Tá baint ag Samir Hassan le daoine a bhaineann tairbhe as iar-réimeas al-Assad nó a thacaíonn leis. Go háirithe, tá baint aige le Rami Makhlouf agus Issam Anbouba, atá ainmnithe ag an gComhairle agus a bhaineann tairbhe as iar-réimeas al-Assad.	27.9.2014
49.	Fares (فارس) CHEHABI (شهابي) (ar a dtugtar freisin Fares Shihabi; Fares Chihabi)	Mac le Ahmad Chehabi; Dáta breithe: 7.9.1972; Inscne: fireann	Uachtarán Chomhlachas Tionscail Aleppo; Cathaoirleach Chónaidhm na gComhlachas Tionscail ó 16.12.2018. Leaschathaoirleach Cham Holding. Tugann sé tacaíocht eacnamaíoch d'iar-réimeas al-Assad. Feisire de Pharlaimint na Siria ó 2016.	2.9.2011

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/1095/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
50.	Tarif (طريف) AKHRAS (أخرس) (ar a dtugtar freisin Al Akhras (الأخرس))	Dáta breithe: 2.6.1951; Áit bhreithe: Homs, an tSiria; Uimhir an phas Shiriach 0000092405; Inscne: fireann	Mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria agus a bhfuil baint aige le hiar-réimeas al-Assad. Is é bunaitheoir Akhras Group é (tráchtearraí, trádáil, próiseáil agus lóistíocht) agus iar-Chathaoirleach Chomhlachas Tráchtála Homs. Dlúthchaidreamh gnó aige le muintir an iarUachtaráin Bashar al-Assad. Iarchomhalta de Bhord Chónaidhm Chomhlachais Tráchtála na Siria. Tacaíocht lóistíochta tugtha aige d'iar-réimeas al-Assad (busanna agus iompróirí tancanna). Tá sé, dá bhrí sin, ag baint tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus ag tacú leis.	2.9.2011
51.	Issam (عصام) ANBOUBA (أنبوبا)	Uachtarán Anbouba for Agricultural Industries Co.; Dáta breithe: 18.3.1952; Áit bhreithe: Homs, an tSiria; Inscne: fireann	Mórphearsa ghnó atá gníomhach in earnálacha éagsúla de gheilleagar na Siria, mar shampla talmhaíocht, réadmhaoin, ola agus baincéireacht. Tá sé fós ag baint tairbhe as a impireacht ghnó a bhí sé in ann a bhunú mar gheall ar a dhlúthchaidreamh le hiar-réimeas al-Assad, trína chuideachtaí amach ón gcósta sa Liobáin. Tá caidreamh airgeadais aige le hardoifigigh Shiriacha agus leis an scothaicme ghnó sa tSiria a bhaineann le hiar-réimeas al-Assad. Comhbhunaitheoir Cham Holding agus scairshealbhóir sa chuideachta sin is ea é.	2.9.2011
53.	Adib (أديب) MAYALEH (ميالة) (ar a dtugtar freisin André Mayard)	Dáta breithe: 15.5.1955; Áit bhreithe: Bassir, an tSiria; Inscne: fireann	Iar-Ghobharnóir agus Cathaoirleach Bhord Stiúrthóirí Bhanc Ceannais na Siria. Bhí earnáil baincéireachta na Siria á rialú ag Adib Mayaleh agus bhainistigh sé soláthar airgid na Siria trí nótaí bainc a eisiúint agus a aistarraingt agus trí ráta malairte eachtraí Phunt na Siria a rialú. Tríd an ról a bhí aige i mBanc Ceannais na Siria, thug Adib Mayaleh tacaíocht eacnamaíoch agus airgeadais d'iar-réimeas al-Assad. An t-iarAire Geilleagair agus Trádála Eachtraí i gcumhacht tar éis mhí na Bealtaine 2011 faoi iar-réimeas al-Assad.	15.5.2012
54.	Major General Jumah (جمعة) AL-AHMAD (الأحمد) (ar a dtugtar freisin al-Ahmed)	Inscne: fireann	Ceannasaí ar Fhórsaí Speisialta faoi iar-réimeas al-Assad. Freagrach as foréigean a úsáid ar agóidithe ar fud na Siria.	14.11.2011

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
55.	Colonel Lu'ai (لؤي) (ar a dtugtar freisin Louay, Loai) AL-ALI (العلي)	Áit bhreithe: Jablah, Latakia Province, an tSiria; Inscne: fireann	Ceann Fhaisnéis Mhíleata na Siria, Brainse Dara'a, faoi iar-réimeas al-Assad. Freagrach as an bhforéigean ar agóidithe in Dara'a.	14.11.2011
56.	Ali (علي) Abdullah (عبدالله) (ar a dtugtar freisin Abdallah) AYYUB (أيوب) (ar a dtugtar freisin Ayyoub, Ayub, Ayoub, Ayob)	Dáta breithe: 28.4.1952; Áit bhreithe: Lattakia, an tSiria; Inscne: fireann	IarLeas-Uachtarán ar Chomhairle na nAirí agus iarAire Cosanta faoi iar-réimeas al-Assad. Oifigeach atá ina Ghinearál ar Arm na Siria, ó mhí na Bealtaine 2011 faoi iar-réimeas al-Assad. IarCheann ar Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha na Siria. Duine a thacaíonn le hiar-réimeas al-Assad agus atá freagrach as cur faoi chois agus foréigean i gcoinne an phobail shibhialtaigh sa tSiria.	14.11.2011
57.	Fahd (فهد) (ar a dtugtar freisin Fahid, Fahed) Jasim (جاسم) (ar a dtugtar freisin Jasem, Jassim, Jassem) AL-FURAYJ (الفريج) (ar a dtugtar freisin al-Freij)	Dáta breithe: 1.1.1950; Áit bhreithe: Hama, an tSiria; Inscne: fireann	An iarAire Cosanta faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach sa tSiria.	14.11.2011
58.	Major General Aous (اوس) (ar a dtugtar freisin Aws, Aus) "Ali" ASLAN (أصلان)	Dáta breithe: 9.12.1958; Inscne: fireann	Oifigeach sinsearach faoi iar-réimeas al-Assad. Dlúthbhaint aige le Maher al-Assad agus leis an iarUachtarán Bashar al-Assad. Iarphoist: Ceannasaí an 40ú briogáid (an 4ú rannán) idir 2011 agus 2014; leascheannasaí an 4ú Rannán in 2015; Ceannasaí an dara cór in 2016. Páirteach sa chniogbheartaíocht ar an bpobal sibhialtach ar fud na Siria, lena n-áirítear gabhálacha treallacha, ollmharuithe agus easáitiú éigeantach an phobail shibhialtaigh.	14.11.2011
59.	General Ghassan (غسان) BELAL (بلال) (ar a dtugtar freisin Bilal)	Dáta breithe: 19.9.1966; Inscne: fireann	Ceann bhiúró slándála an 4ú Rannán, ceann an 555ú reisimint paratrúpa faoi iar-réimeas al-Assad. Comhairleoir do Maher al-Assad agus comhordaitheoir oibríochtaí slándála. Freagrach as an gcniogbheartaíocht a rinneadh ar an bpobal sibhialtach ar fud na Siria agus páirteach i roinnt sáruithe ar shos comhraic in Ghouta.	14.11.2011
60.	Abdullah (عبدالله) (ar a dtugtar freisin Abdallah) BERRI (بري)	Inscne: fireann	Ceann mhílíste mhuintir Berri faoi iar-réimeas al-Assad. I gceannas ar an mílíste ar son an rialtais a bhí rannpháirteach sa chniogbheartaíocht a rinneadh ar an bpobal sibhialtach in Aleppo.	14.11.2011

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
61.	George CHAOUI (جورج شاوي)	Inscne: fireann	Comhalta d'arm leictreonach na Siria (seirbhís faisnéise an airm críche) faoi iar-réimeas al-Assad. Rannpháirteach sa chniogbheartaíocht fhoréigneach agus san iarraidh ar fhoréigean ar phobail shibhialtaigh ar fud na Siria.	14.11.2011
62.	Zuhair (زهير) (ar a dtugtar freisin Zouheir, Zuheir, Zouhair) HAMAD (حماد)	Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Grád: MaorGhinearál; Post: LeasCheann na Stiúrthóireachta um Fhaisnéis Ghinearálta (ar a dtugtar freisin an Stiúrthóireacht um an tSlándáil Ghinearálta) ó mhí Iúil 2012; Inscne: fireann	Oifigeach atá ina Mhaor-Ghinearál ar Fhórsaí Armtha na Siria, sa phost tar éis mhí na Bealtaine 2011 faoi iar-réimeas al-Assad. LeasCheann na Stiúrthóireachta um Fhaisnéis Ghinearálta. Freagrach as cur faoi chois, sáruithe ar chearta an duine agus as foréigean ar an bpobal sibhialtach sa tSiria.	14.11.2011
63.	Amar (عمار) (ar a dtugtar freisin Ammar) ISMAEL (إسماعيل) (ar a dtugtar freisin Ismail)	Dáta breithe ar nó thart ar an 3.4.1973; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Inscne: fireann	Ceann Sibhialtaigh ar arm leictreonach na Siria (seirbhís faisnéise an airm críche) faoi iar-réimeas al-Assad. Rannpháirteach sa chniogbheartaíocht fhoréigneach agus san iarraidh ar fhoréigean i gcoinne an phobail shibhialtaigh ar fud na Siria.	14.11.2011
64.	Mujahed (مجاهد) ISMAIL (إسماعيل) (ar a dtugtar freisin Ismael)	Dáta breithe: 1.1.1977; Inscne: fireann	Comhalta d'arm leictreonach na Siria (seirbhís faisnéise an airm críche) faoi iar-réimeas al-Assad. Rannpháirteach sa chniogbheartaíocht fhoréigneach agus san iarraidh ar fhoréigean i gcoinne an phobail shibhialtaigh ar fud na Siria.	14.11.2011
65.	Maorghinearál Nazih (نزيه)	Inscne: fireann	Leas-Stiúrthóir den Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Ghinearálta faoi iar-réimeas al-Assad. Freagrach as foréigean a úsáid ar fud na Siria agus as imeaglú agus céasadh agóidithe.	14.11.2011

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
66.	Major General Kifah (كفـاح) MOULHEM (ملحم) (ar a dtugtar freisin Moulhim, Mulhem, Mulhim, Milhem)	Dáta breithe: 28.11.1961; Áit bhreithe: Junaynat Ruslan, Tartus province, an tSiria; Inscne: fireann	Ceann na hoifige Cosanta Náisiúnta ó mhí Eanáir 2024 faoi iar-réimeas al-Assad. IarCheann na Stiúrthóireachta um Fhaisnéis Mhíleata a ceapadh i mí an Mhárta 2019. IarCheann an Choiste Slándála i réigiún an Deiscirt agus iar-leascheann na Stiúrthóireachta um Fhaisnéis Mhíleata, a bhí i gceannas ar fheidhmiú an réimis i réigiúin Homs agus Aleppo. Freagrach as an gcniogbheartaíocht a rinneadh ar an bpobal sibhialtach in Deir ez-Zor agus an príomhdhuine a raibh freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne an Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Mhíleata (Craobh 248) le linn 2011 agus 2012 mar aon le céasadh agus sáruithe tromchúiseacha ar dhaoine faoi choinneáil.	14.11.2011
67.	Maorghinearál Wajih (وجيه) (ar a dtugtar freisin Wajeeh) MAHMUD (محمود)	Inscne: fireann	Ceannasaí ar an 18ú Rannán Armúrtha faoi iar-réimeas al-Assad. Freagrach as an bhforéigean i gcoinne agóidithe in Homs.	14.11.2011
69.	Lt. General Talal (طلال) Mustafa (مصـطفى) TLASS (طلاس)	Inscne: fireann	Leas-Cheann na Foirne Ginearálta (Lóistíocht agus soláthairtí) faoi iar-réimeas al-Assad. Freagrach as foréigean a úsáid ar agóidithe ar fud na Siria.	14.11.2011
70.	Maorghinearál Fu'ad (فـؤاد) TAWIL (طويـل)	Inscne: fireann	LeasCheann Sheirbhís Faisnéise Aerfhórsa na Siria faoi iar-réimeas al-Assad. Freagrach as foréigean a úsáid ar fud na Siria agus as imeaglú agus céasadh agóidithe.	14.11.2011
71.	Bushra (بشرى) AL-ASSAD (الاسد) (ar a dtugtar freisin Bushra Shawkat, Bouchra Al Assad)	Dáta breithe: 24.10.1960; Inscne: baineann	Ball de mhuintir Assad; deirfiúr leis an iarUachtarán Bashar al-Assad. I bhfianaise an dlúthchaidrimh phearsanta agus an chaidrimh intrigh airgeadais atá aici le hiarUachtarán na Siria, Bashar al-Assad, baineann sí tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus tá baint aici leis.	23.3.2012
72.	Asma (اسماء) AL-ASSAD (الاسد) (ar a dtugtar freisin Asma Fawaz Al Akhras)	Dáta breithe: 11.8.1975; Áit bhreithe: Londain, an Ríocht Aontaithe; Uimhir an phas 707512830, ag dul in éag an 22.9.2020; Sloinne roimh phósadh: Al Akhras; Inscne: baineann	Ball de mhuintir Assad agus tá dlúthnasc aici le príomhghníomhaithe an iar-réimis; bean chéile iarUachtarán Bashar al-Assad. I bhfianaise an dlúthchaidrimh phearsanta agus an chaidrimh intrigh airgeadais atá aici le hiarUachtarán na Siria, Bashar al-Assad, baineann sí tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus tá baint aici leis.	23.3.2012

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
73.	Manal (منال) AL-ASSAD (الأسد) (ar a dtugtar freisin Manal Al Ahmad)	Dáta breithe: 2.2.1970; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Uimhir an phas (Siriach): 0000000914; Sloinne roimh phósadh: Al Jadaan; Inscne: baineann;	Bean céile Maher al-Assad, agus dá réir sin, tá sí ag baint tairbhe as an réimeas agus tá dlúthbhaint aici le hiar-réimeas al-Assad.	23.3.2012
74.	Mohammad Walid GHAZAL	Dáta breithe: 1.11.1951; Áit bhreithe: Aleppo, an tSiria; Uimhir Aitheantais Náisiúnta na Siria: 02020332623; Inscne: fireann	IarAire Tithíochta agus Forbartha Uirbí (arna cheapadh 27.8.2014). Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	21.10.2014
76.	Maorghinearál Ibrahim (إبراهيم) AL-HASSAN (الحسن) (ar a dtugtar freisin al-Hasan)	Inscne: fireann	LeasCheann Foirne faoi iar-réimeas al-Assad. Oifigeach míleata a raibh baint aige leis an bhforéigean in Homs.	1.12.2011
77.	Briogáidire Khalil (خليل) (ar a dtugtar freisin Khaleel) ZGHRAYBIH (زغريه,زغرية) (ar a dtugtar freisin Zghraybeh, Zghraybe, Zghrayba, Zghraybah, Zaghraybeh, Zaghraybe, Zaghrayba, Zaghraybah, Zeghraybeh, Zeghraybe, Zeghrayba, Zeghraybah, Zughraybeh, Zughraybe, Zughrayba, Zughraybah, Zighraybeh, Zighraybe, Zighrayba, Zighraybah)	Dáta breithe: 4.2.1955; Inscne: fireann	An 14ú Rannán. Oifigeach míleata faoi iar-réimeas al-Assad a bhfuil baint aige leis an bhforéigean in Homs.	1.12.2011

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
78.	Ali BARAKAT (ar a dtugtar freisin Barakat Ali Barakat) (بركات علي بركات ;بركات علي)	Inscne: fireann	Oifigeach míleata faoi iar-réimeas al-Assad a bhfuil baint aige leis an bhforéigean in Homs. Tá sé sa 30ú Rannóg de na Coisithe Soghluaiste den Gharda Poblachtach.	1.12.2011
79.	MaorGhinearál Talal (طلال) MAKHLUF (مخلوف) (ar a dtugtar freisin Makhlouf)	Inscne: fireann	Iarcheannasaí an 105ú Briogáid den Gharda Poblachtach faoi iar-réimeas al-Assad. IarCheannasaí ginearálta den Gharda Poblachtach. Ceannasaí reatha an 2ú Cór. Comhalta d'Fhórsaí Armtha na Siria atá ina Mhaorghinearál, ó mhí na Bealtaine 2011 faoi iar-réimeas al-Assad. Oifigeach míleata a raibh baint aige leis an bhforéigean sa Damaisc.	1.12.2011
80.	Maorghinearál Nazih (نزيه) (ar a dtugtar freisin Nazeeh) HASSUN (حسون) (ar a dtugtar freisin Hassoun)	Inscne: fireann	Oifigeach atá ina Mhaorghinearál ar Fhórsaí Armtha na Siria, ó mhí na Bealtaine 2011 faoi iar-réimeas al-Assad. Ceann na Stiúrthóireachta um Shlándáil Pholaitiúil de sheirbhísí slándála na Siria, ó mhí na Bealtaine 2011 faoi iar-réimeas al-Assad. Freagrach as cur faoi chois foréigneach ar an bpobal sibhialtach sa tSiria.	1.12.2011
81.	Captaen Maan (معن) (ar a dtugtar freisin Ma'an) JDIID (جديد) (ar a dtugtar freisin Jdid, Jedid, Jedeed, Jadeed, Jdeed)	Inscne: fireann	Garda an Uachtaráin. Oifigeach míleata faoi iar-réimeas al-Assad a bhfuil baint aige leis an bhforéigean in Homs.	1.12.2011
82.	Mohammad (محمد) (ar a dtugtar freisin Mohamed, Muhammad, Mohammed) AL-SHAAR (الشعار) (ar a dtugtar freisin al-Chaar, al-Sha'ar, al-Cha'ar)	Dáta breithe: 1.10.1950; Inscne: fireann	An Rannán Slándála Polaitiúla. Oifigeach míleata faoi iar-réimeas al-Assad a bhfuil baint aige leis an bhforéigean in Homs.	1.12.2011
83.	Khald (خالد) (ar a dtugtar freisin Khaled) AL-TAWEEL (الطويل) (ar a dtugtar freisin al-Tawil)	Inscne: fireann	An Rannán Slándála Polaitiúla. Oifigeach míleata faoi iar-réimeas al-Assad a bhfuil baint aige leis an bhforéigean in Homs.	1.12.2011

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/1095/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
84.	Ghiath (غياث) FAYAD (فياض) (ar a dtugtar freisin Fayyad)	Inscne: fireann	An Rannán Slándála Polaitiúla. Oifigeach míleata faoi iar-réimeas al-Assad a bhfuil baint aige leis an bhforéigean in Homs.	1.12.2011
85.	Briogáidireghinearál Jawdat (جودت) Ibrahim (إبراهيم) SAFI (صافي)	Post: Ceannasaí an 154ú Reisimint; Inscne: fireann	D'ordaigh sé do thrúpaí urchair a vscaoileadh le hagóidithe sa Damaisc agus timpeall uirthi, lena n-áirítear Mo' adamiyeh, Duma, Abasiyeh Duma, faoi iar-réimeas al-Assad.	23.1.2012
86.	Maorghinearál Muhammad (محمد) (ar a dtugtar freisin Mohammad, Muhammad, Mohammed) Ali (علي) DURGHAM	Post: Ceannasaí an 4ú Roinn; Inscne: fireann	D'ordaigh sé do thrúpaí urchair a scaoileadh le hagóidithe sa Damaisc agus timpeall uirthi, lena n-áirítear Mo' adamiyeh, Duma, Abasiyeh Duma, faoi iar-réimeas al-Assad.	23.1.2012
87.	Maorghinearál Ramadan (رمضان) Mahmoud (محمود) RAMADAN (رمضان)	Dáta breithe: 10.3.1962; Post: Ceannasaí an 35ú Reisimint na bhFórsaí Speisialta; Inscne: fireann	D'ordaigh sé do thrúpaí urchair a scaoileadh le hagóidithe in Baniyas agus Deraa, faoi iar-réimeas al-Assad.	23.1.2012
89.	Major General Naim (نعيم) (ar a dtugtar freisin Naaeem, Naeem, Na'eem, Naaim, Na'im) Jasem (جاسم) SULEIMAN (سليمان)	Dáta breithe: 16.2.1954; Post: Ceannasaí an 3ú Rannán; Inscne: fireann	Thug sé orduithe do thrúpaí urchair a scaoileadh le hagóidithe in Duma, faoi iar-réimeas al-Assad.	23.1.2012
90.	Briogáidireghinearál Jihad (جهاد) Mohamed (محمد) (ar a dtugtar freisin Mohammad, Muhammad, Mohammed) SULTAN (سلطان)	Post: Ceannasaí an 65ú Briogáid; Inscne: fireann	Thug sé orduithe do thrúpaí urchair a scaoileadh le hagóidithe in Duma, faoi iar-réimeas al-Assad.	23.1.2012
91.	Maorghinearál Fo'ad (فواد) (ar a dtugtar freisin Fouad, Fu'ad) HAMOUDEH (حمودة) (ar a dtugtar freisin Hammoudeh, Hammoude, Hammouda, Hammoudah)	Dáta breithe: 3.10.1955; Post: Ceannasaí na n-oibríochtaí míleata in Idlib; Inscne: fireann	Thug sé orduithe do thrúpaí urchair a scaoileadh le hagóidithe ag tús mhí Mheán Fómhair 2011, faoi iar-réimeas al-Assad.	23.1.2012

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
92.	Maorghinearál Bader (بدر) AQEL (عاقل)	Post: Ceannasaí na bhFórsaí Speisialta; Inscne: fireann	Thug sé orduithe do na saighdiúirí na coirp a phiocadh suas agus iad a thabhairt don mukhabarat agus tá sé freagrach as an bhforéigean in Bukamal, faoi iar-réimeas al-Assad.	23.1.2012
93.	Briogáidireghinerál Ghassan (غسان) AFIF (عفيف) (ar a dtugtar freisin Afeef)	Dáta breithe: 10.2.1958; Post: Ceannasaí an 45ú Reisimint; Inscne: fireann	Ceannasaí na n-oibríochtaí míleata in Homs, Baniyas agus Idlib, faoi iar-réimeas al-Assad.	23.1.2012
94.	Briogáidireghinearál Mohamed (محمد) (ar a dtugtar freisin Mohammad, Muhammad, Mohammed) MAARUF (معروف) (ar a dtugtar freisin Maarouf, Ma'ruf)	Post: Ceannasaí an 45ú Reisimint; Inscne: fireann	Ceannasaí na n-oibríochtaí míleata in Homs faoi iar-réimeas al-Assad. Thug sé orduithe urchair a scaoileadh le hagóidithe in Homs.	23.1.2012
95.	Briogáidireghinearál Yousef (يوسف) ISMAIL (اسماعيل) (ar a dtugtar freisin Ismael)	Post: Ceannasaí an 134ú Briogáid; Inscne: fireann	Thug sé orduithe do thrúpaí urchair a scaoileadh le tithe agus le daoine ar dhíonta le linn sochraid in Talbiseh d'agóidithe a maraíodh an lá roimhe sin faoi iar-réimeas al-Assad.	23.1.2012
96.	Briogáidireghinearál Jamal YUNES (ar a dtugtar freisin Younes) (جمال يونس)	Post: Ceannasaí an 555ú Reisimint; Inscne: fireann	Thug sé orduithe do thrúpaí urchair a scaoileadh le hagóidithe in Mo'adamiyeh faoi iar-réimeas al-Assad. Ceann an Choiste Slándála Míleata in Hama in 2018.	23.1.2012
98.	Briogáidireghinearál (علي) DAWWA	Inscne: fireann	Thug sé orduithe do thrúpaí urchair a scaoileadh le hagóidithe in Al-Herak faoi iar-réimeas al-Assad.	23.1.2012
99.	Maorghinearál (محمد) (ar a dtugtar freisin Mohammad, Muhammad, Mohammed) KHADDOR (خضور) (ar a dtugtar freisin Khaddour, Khaddur, Khadour, Khudour)	Dáta breithe: 13.1.1976; Post: Ceannasaí an 106ú Briogáid, Garda an Uachtaráin; Inscne: fireann	Thug sé orduithe do thrúpaí na hagóidithe a bhualadh le maidí agus iad a ghabháil ina dhiaidh sin faoi iar-réimeas al-Assad. Tá sé freagrach as agóidithe síochánta in Duma a chur faoi chois.	23.1.2012

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/1095/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
101.	Wafiq (وفيق) (ar a dtugtar freisin Wafeeq) NASSER (ناصر)	Post: Ceann ar Bhrainse Réigiúnach Suwayda (Roinn na Faisnéise Míleata); Inscne: fireann	Mar Cheann ar Bhrainse Réigiúnach Suwayda de Roinn na Faisnéise Míleata faoi iar-réimeas al-Assad, tá sé freagrach as coinneálaithe in Suwayda a choinneáil go treallach agus a chéasadh.	23.1.2012
102.	Ahmed (أحمد) (ar a dtugtar freisin Ahmad) DIBE (ديب) (ar a dtugtar freisin Dib, Deeb)	Ceann Bhrainse Réigiúnach Deraa (an Stiúrthóireacht um an tSlándáil Ghinearálta); Dáta breithe: 15.11.1961; Inscne: fireann	Mar Cheann ar Bhrainse Réigiúnach Deraa den Stiúrthóireacht um an tSlándáil Ghinearálta faoi iar-réimeas al-Assad, tá sé freagrach as coinneálaithe in Deraa a choinneáil go treallach agus a chéasadh.	23.1.2012
103.	Makhmoud (محمود) (ar a dtugtar freisin Mahmoud) AL-KHATTIB (الخطيب) (ar a dtugtar freisin al-Khatib, al-Khateeb)	Post: Ceann ar an mBrainse Imscrúdaitheach (an Stiúrthóireacht um Shlándáil Pholaitiúil); Inscne: fireann	Mar Cheann ar an mBrainse Imscrúdaitheach den Stiúrthóireacht um Shlándáil Pholaitiúil faoi iar-réimeas al-Assad, tá sé freagrach as coinneálaithe a choinneáil agus a chéasadh.	23.1.2012
104.	Mohamed (محمد) (ar a dtugtar freisin Mohammad, Muhammad, Mohammed) Heikmat (حكمت) (ar a dtugtar freisin Hikmat, Hekmat) IBRAHIM (إبراهيم)	Seasamh: Maorghinearál. Ceann phóilíní Al-Hassaka; Inscne: fireann	Ceann phóilíní Al-Hassaka faoi iar-réimeas al-Assad. Maorghinearál. IarCheann Bhrainse Oibríochtaí na Stiúrthóireachta um Shlándáil Pholaitiúil, a bhí freagrach as daoine a choinneáil agus a chéasadh.	23.1.2012
105.	Nasser (ناصر) (ar a dtugtar freisin Naser) AL-ALI (العلي) (ar a dtugtar freisin an Briogadáire Ghinearál Nasr al-Ali)	Post: Ceann na Stiúrthóireachta um Shlándáil Pholaitiúil; Inscne: fireann	Ceann na Stiúrthóireachta um Shlándáil Pholaitiúil ó mhí Iúil 2019 i leith faoi iar-réimeas al-Assad. Tá sé freagrach as coinneálaithe a choinneáil agus a chéasadh.	23.1.2012
106.	Dr Wael (وائل) Nader (نادر) AL-HALQI (الحلقي) (ar a dtugtar freisin al-Halki)	Dáta breithe: 1964; Áit bhreithe: Cúige Dara'a, an tSiria; Inscne: fireann	IarPhríomh-Aire, a bhí in oifig go dtí an 3.7.2016, agus iarAire Sláinte faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach. Cathaoirleach ar Bhord Iontaobhaithe Ollscoil Phríobháideach Qasyoun.	27.2.2012

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
107.	Mohammad Ibrahim AL-SHA'AR	Dáta breithe: 1.10.1956; Áit bhreithe: Al-Haffah, Latakia, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Gnóthaí Baile faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach. LeasChathaoirleach Fronta Forásach Náisiúnta na Siria.	1.12.2011
108.	Mohammad (محمد) (ar a dtugtar freisin Mohamed, Muhammad, Mohammed) AL-JLEILATI (الجلالتي جلالتي)	Dáta breithe: 13.6.1945; Áit bhreithe: An Damaisc, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Airgeadais, a bhí in oifig go dtí an 9.2.2013. faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	1.12.2011
109.	Imad (عماد) Mohammad (محمد) (ar a dtugtar freisin Mohamed, Muhammad, Mohammed) Deeb (ديب) KHAMIS (خميس) (ar a dtugtar freisin Imad Mohammad Dib Khamees)	Dáta breithe: 1.8.1961; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Inscne: fireann	IarPhríomh-Aire agus iarAire Leictreachais faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	23.3.2012
110.	Omar (عمر) Ibrahim (إبراهيم) GHALAWANI (غلاونجي)	Dáta breithe: 1954; Áit bhreithe: Tartus, an tSiria; Inscne: fireann	IarLeas-Phríomh-Aire Gnóthaí Seirbhísí faoi iar-réimeas al-Assad, iarAire Riaracháin Áitiúil, a bhí in oifig go dtí 3.7.2016. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	23.3.2012
111.	Joseph (جوزيف) SUWAID (سويد)	Dáta breithe: 1958; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Stáit faoi iar-réimeas al-Assad, a bhí in oifig go dtí 21.1.2014 ar a laghad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach. Cathaoirleach sciathán Amana de Pháirtí Sóisialach Náisiúnach na Siria.	23.3.2012
112.	Hussein (حسين) (ar a dtugtar freisin Hussain) Mahmoud (محمود) FARZAT (فرزات) (ar a dtugtar freisin Hussein Mahmud Farzat)	Dáta breithe: 6.9.1957; Áit bhreithe: Hama, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Stáit faoi iar-réimeas al-Assad, a bhí in oifig go dtí 2014 ar a laghad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	23.3.2012

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/1095/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
113.	Mansour (منصور)Fadlallah (فضل الله) AZZAM (عزام) (ar a dtugtar freisin Mansur Fadl Allah Azzam)	Dáta breithe: 15.3.1960; Áit bhreithe: Cúige Sweida, an tSiria; Inscne: fireann	Aire Gnóthaí Uachtaránachta faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	27.2.2012
114.	Emad Abdul-Ghani SABOUNI (ar a dtugtar freisin Imad Abdul Ghani Al Sabuni) (عماد عبدالغني صابوني)	Dáta breithe: 1964; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Teileachumarsáide agus Teicneolaíochta faoi iar-réimeas al-Assad, a bhí in oifig go dtí mí Aibreán 2014 ar a laghad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach. IarCheann na Gníomhaireachta um Pleanáil agus Comhar Idirnáisiúnta (PICC). Is gníomhaireacht rialtais é PICC atá cleamhnaithe leis an bPríomh-Aireacht agus táirgeann sé, go sonrach, na pleananna 5 bliana a sholáthraíonn na mór-threoirlínte do bheartais eacnamaíocha agus forbartha an Rialtais.	27.2.2012
116.	Tayseer (تيسير)Qala (قلاع) AWWAD (عواد)	Dáta breithe: 1943; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Dlí agus Cirt faoi iar-réimeas al-Assad. Bainteach leis an réimeas agus leis an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad i gcoinne an daonra shibhialtaigh. IarCheann na Cúirte Míleata. Comhalta den Ard Chomhairle Breithiúnach.	23.9.2011
117.	Adnan Hassan MAHMOUD (عدنان حسن محمود)	Dáta breithe: 1966; Áit bhreithe: Tartus, an tSiria; Inscne: fireann	IarAmbasadóir na Siria chun na hIaráine go dtí 2020. IarAire Faisnéise, i gcumhacht ó mhí na Bealtaine 2011 faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	23.9.2011
118.	Khalaf Souleymane ABDALLAH (ar a dtugtar freisin Khalaf Sleiman al-Abdullah)	Dáta breithe: 1960; Áit bhreithe: Deir ez-Zor, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Saothair a bhí i gcumhacht ó mhí na Bealtaine 2011 (arna cheapadh an 27.8.2014) faoi iar-réimeas al-Assad. Ina cháil mar iarAire Rialtais, tá comhfhreagracht air as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	21.10.2014
119.	Sufian (سفيان)ALLAW (علاو)	Dáta breithe: 8.2.1944; Áit bhreithe: al-Bukamal, Deir Ezzor, an tSiria; Inscne: fireann	IarAire Ola agus Acmhainní Mianracha faoi iar-réimeas al-Assad. Bainteach le hiar-réimeas al-Assad agus leis an gcur faoi chois foréigneach a rinne an réimeas sin i gcoinne an daonra shibhialtaigh.	27.2.2012

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
336.	Imad Abu ZUREIQ Emad Abu ZURAIQ Imad Abu ZREIK عماد أبو زريق	Dáta breithe: 9.2.1979; Áit bhreithe: Nasib, Daraa (an tSiria); Náisiúntacht: Siriach; An áit a meastar ina bhfuil sé: Daraa, an tSiria; Inscne: fireann	Is ceann de phríomhchomhaltaí mílíste atá cleamhnaithe le hiar-réimeas al-Assad in Iardheisceart na Siria é Imad Abu Zureiq, ar mílíste é a thuairiscíonn go díreach do bhrainse Slándála Míleata réimeas na Siria. Faoi láthair, déanann a mhílíste brabús ó gheilleagar an chogaidh, lena n-áirítear an gháinneáil ar Captagon. Is samhail ghnó faoi stiúir iar-réimeas al-Assad í an trádáil in Captagon anois, rud a shaibhríonn ciorcal inmheánach iar-réimeas al-Assad agus a choinníonn beo é. Dá bhrí sin, tá sé ag baint tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus ag tacú leis.	24.4.2023
338.	Hassan Muhammad DAQQOU حسن محمد دقو	Dáta breithe: 17.1.1978; Áit bhreithe: Tfail, an Liobáin; Náisiúntacht: Siriach/Liobánach; Inscne: fireann	Tá dlúthcheangail ag Hassan Muhammad Daqqou le Ceathrú Rannán Arm na Siria le linn iar-réimeas al-Assad. Tá líonra leathan gáinneála drugaí bunaithe ag Daqqou sa Liobáin agus sa tSiria agus tá monarchana déantúsaíochta Captagon tógtha aige gar don teorainn idir an tSiria agus an Liobáin. Is samhail ghnó faoi stiúir iar-réimeas al-Assad í an trádáil in Captagon anois, rud a shaibhríonn ciorcal inmheánach iar-réimeas al-Assad agus a choinníonn beo é. Dá bhrí sin, tá sé ag baint tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus ag tacú leis.	24.4.2023
339.	Jihad BARAKAT جهاد بركات	Dáta breithe: 4.3.1964; Áit bhreithe: Qardahah/an tSiria; Náisiúntacht: Siriach; Inscne: fireann	Tá gaol pósta ag Jihad Barakat le muintir Assad. Tá sé ina cheannaire freisin ar mhílíste réimeas-chleamhnaithe agus tá feidhmeanna míleata agus faisnéise éagsúla aige i gcónaí in iar-réimeas al-Assad.	24.4.2023
340.	Raji FALHOUT راجي فلحوط	Dáta breithe: 3.10.1985; Áit bhreithe: Atil, an tSiria; Post: Ceannaire mílíste atá cleamhnaithe le réimeas al-Assad; Náisiúntacht: Siriach; Inscne: fireann	Tá Raji Falhout i gceannas ar mhílíste atá cleamhnaithe le réimeas al-Assad agus atá bainteach le Faisnéis Mhíleata na Siria. Tá baint ag Raji Falhout freisin le gáinneáil drugaí i ndáil le Captagon. Is samhail ghnó faoi stiúir iar-réimeas al-Assad í an trádáil in Captagon anois, rud a shaibhríonn ciorcal inmheánach iar-réimeas al-Assad agus a choinníonn beo é. Dá bhrí sin, tá sé ag baint tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus ag tacú leis.	24.4.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
341.	Muhammad ABDO ASSAAD ar a dtugtar freisin Asa'ad محمد عبده أسعد	Dáta breithe: 19.7.1975; Áit bhreithe: Ain Tineh, Dúiche na Damaisce, an tSiria; Náisiúntacht: Siriach; Seoladh: Assaad Building, Main Street, Ain Tineh, Damascus Countryside; Faisnéis eile aitheantais: Athair: Abdo Assaad; Inscne: fireann	Is é Muhammad Abdo Assaad ceannaire mhílíste Hosn al-Watan, a throid thar ceann iar-réimeas al-Assad. Le déanaí, bhunaigh sé an chuideachta Aman for Protection and Security LLC, a thairgeann seirbhísí slándála príobháideacha agus a fheidhmíonn mar chuideachta chaoch do mhílíste Hosn al-Watan. Dá bhrí sin, á sé ag baint tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus ag tacú leis.	24.4.2023
342.	Samer AL-DIBIS سامر الدبس (ar a dtugtar freisin Samer AL-DIBS, Samir)	Dáta breithe: 30.3.1962; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Náisiúntacht: Siriach; Seoladh: Naher Street, Rawda, an Damaisc, an tSiria; Inscne: fireann	Is mórphearsa ghnó é Samer al-Dibis atá ag feidhmiú sa tSiria agus a bhfuil baint aige le hiar-réimeas al-Assad, atá gníomhach i roinnt earnálacha éagsúla den gheilleagar, go háirithe i dtionscal na gceimiceán agus sa réadmhaoin. Is comhalta é de Bhord Stiúrthóirí Chomhairle Ghnó na Siria-na Síne agus tá sé ina chathaoirleach ar Chumann Tionscail na Damaisce agus Dhúiche na Damaisce. Is feisire parlaiminte agus dlúthchomhlach de chuid Maher-al-Assad é. Sna feidhmeanna sin, tá Samer al-Dibis ag baint tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus ag tacú leis.	24.4.2023
343.	Ali Najib IBRAHIM علي نجيب إبراهيم (ar a dtugtar freisin Ali Najeeb IBRAHIM)	Dáta breithe: 1991; Ról: duine gnó; Náisiúntacht: Siriach; Seoladh: Al-Malki, an Damaisc, an tSiria; Inscne: fireann	Is mórphearsa ghnó é Ali Najib Ibrahim atá ag feidhmiú sa tSiria agus a bhfuil baint aige le hiar-réimeas al-Assad, atá gníomhach freisin in earnáil na teileachumarsáide. Tá roinnt cuideachtaí caocha aige, a raibh baint acu le hiar-réimeas al-Assad agus iarrachtaí á ndéanamh acu teacht timpeall ar smachtbhannaí. Dá bhrí sin, tá sé ag baint tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus ag tacú leis.	24.4.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
344.	Jamal ISMAIL ar a dtugtar freisin Ismael جمال إسماعيل	Náisiúntacht: Siriach; Eintitis chomhlachaithe: An Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Mhíleata; Inscne: fireann	Bhí Jamal Ismail ina cheannasaí ar Bhrainse 227 de Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Mhíleata iar-réimeas al-Assad an 13 Aibreán 2013 nuair a mharaigh a aonad 41 shibhialtach ar a laghad i mbaile Tadamon ("sléacht Tadamon"). Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as chur faoi chois foréigneach a dhéanamh ar an bpobal sibhialtach sa tSiria.	24.4.2023
345.	Jamal AL-KHATIB جمال الخطيب	Eintitis chomhlachaithe: An Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Mhíleata	Bhí Jamal al-Khatib ina oifigeach ceannais i mBrainse 227 de Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Mhíleata iar-réimeas al-Assad an 13 Aibreán 2013 nuair a ghlac sé páirt i marú 41 shibhialtach ar a laghad i mbaile Tadamon ("sléacht Tadamon"). Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as cur faoi chois foréigneach a dhéanamh ar an bpobal sibhialtach sa tSiria.	24.4.2023
346.	Osama AL-MALIKI ar a dtugtar freisin Usama أسامة المالكي	Dáta breithe: 10.2.1963; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Náisiúntacht: Siriach; Seoladh: Villa 98, Sharqiyat, Jazira al-Khamisa, Qura al-Assad, Damascus Coutryside, an tSiria; Faisnéis eile aitheantais: Athair: Mohammad al-Maliki — محمد المالكي Inscne: fireann	Is é Osama al-Maliki úinéir tromlaigh Al-Jabal Security and Protection LLC. Feidhmíonn Al-Jabal Security and Protection LLC mar chuideachta chaoch chun go bhféadfar leanúint de ghníomhaíochtaí mhílíste Saraya al-Areen 313, mílíste atá cleamhnaithe le hiar-réimeas al-Assad. Dá bhrí sin, baineann Osama al-Maliki tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus tacaíonn sé leis.	24.4.2023
347.	Fadi SAQR فادي أحمد (ar a dtugtar freisin Fady SAKR, Fadi SAQER, Fadi SAQIR)	Dáta breithe: 1975 Áit bhreithe: Jablah, an tSiria; Náisiúntacht: Siriach; Inscne: fireann	Is ceannaire é Fadi Saqr ar mhílíste na bhFórsaí Cosanta Náisiúnta sa Damaisc a throid thar ceann iar-réimeas al-Assad ó 2012 ar a laghad. Dá bhrí sin, tá Fadi Saqr ina bhall de mhílíste atá cleamhnaithe le réimeas al-Assad. Bhí Fadi Saqr mar chuid den slabhra ceannais i sléacht 41 shibhialtach ar a laghad i mbaile Tadamon an 13 Aibreán 2013 ("sléacht Tadamon") faoi iar-réimeas al-Assad. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as cur faoi chois foréigneach a dhéanamh ar an bpobal sibhialtach sa tSiria.	24.4.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
348.	Ahmad Ali TAHER احمد علي طاهر	Dáta breithe: 1.1.1982; Náisiúntacht: Siriach; Seoladh: an Damaisc, Mazze, Western Villas, Saraya 36 Building, 3rd Floor; Daoine aonair comhlachaithe: Deartháir: Khodr Taher; Eintitis chomhlachaithe: Castle Security and Protection LLC; Faisnéis eile aitheantais: Athair: Ali Taher; Inscne: fireann	Tá scaireanna ag Ahmad Ali Taher in Castle Security and Protection LLC, a fheidhmíonn mar chuideachta chaoch don Cheathrú Rannán d'Arm Arabach na Siria, faoi stiúir Maher al-Assad. Dá bhrí sin, tá sé ag baint tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus ag tacú leis.	24.4.2023
349.	Amjad YOUSSEF ar a dtugtar freisin Yusuf, Yousef أمجد يوسف	Náisiúntacht: Siriach; Inscne: fireann	Is Oifigeach Barántas é Amjad Youssef i Stiúrthóireacht na Siria um Fhaisnéis Mhíleata faoi iar-réimeas al-Assad. Bhí sé ina bhall de Bhrainse 227 de Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Mhíleata iar-réimeas al-Assad an 13 Aibreán 2013 nuair a ghlac sé páirt i marú 41 shibhialtach ar a laghad i mbaile Tadamon ("sléacht Tadamon"). Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as cur faoi chois foréigneach a dhéanamh ar an bpobal sibhialtach sa tSiria.	24.4.2023
350.	Osama RAMADAN ar a dtugtar freisin Usama أسامة رمضان	Dáta breithe: 19.12.1973; Náisiúntacht: Siriach; Seoladh: an Damaisc, Mazze, Western Villas, Saraya 36 Building, 3rd Floor; Comhlach gnó: Ahmad Ali Taher; Eintitis chomhlachaithe: Castle Security and Protection LLC; Faisnéis eile aitheantais: Athair: Hassan Ramadan; Inscne: fireann	Tá scaireanna ag Osama Ramadan in Castle Security and Protection LLC, a fheidhmíonn mar chuideachta chaoch don Cheathrú Rannán d'Arm Arabach na Siria, faoi stiúir Maher al-Assad. Dá bhrí sin, tá sé ag baint tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus ag tacú leis.	24.4.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
351.	Ali Mhanna SULEIMAN علي مهنا سليمان	Dáta breithe: 2.3.1987; Áit bhreithe: Al-Raml, Kherbet Maaza, Tartus, an tSiria; Náisiúntacht: Siriach; Seoladh: Tartus, Khirbit Maaza, 36th Estate, Ghaya Estate Area; Uimhir aitheantais náisiúnta: 10040018920; Ainm an athar: Mhanna; Ainm na máthar: Insaf; Inscne: fireann	Bhí Ali Suleiman ina cheannaire ar Reisimint Sahab de rannán de chuid Arm Arabach na Siria ar a dtugtar “Tiger Forces”. Is dlúthchomhlach de chuid Suhayl Hassan é. Bhí baint aige le hiar-réimeas al-Assad a mhaoiniú, lena n-áirítear trí bhreosla a smuigleáil. Baineann sé tairbhe freisin as an mbaint atá aige le hiar-réimeas al-Assad, mar shampla deiseanna i bhforbairt réadmhaoine. Dá bhrí sin, tá sé ag baint tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus ag tacú leis.	24.4.2023
352.	Fereydoun Mohammadi SAGHAEI فریدون محمدی سقایی	Dáta breithe: 1964; Náisiúntacht: Iaránach; Inscne: fireann	Is é Fereydoun Mohammadi Saghaei Leascheannasaí Fhórsa Aeraspáis Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC). Tá sé i gceannas ar thionscadal aerchosanta IRGC sa tSiria. Feidhmíonn an tionscadal sin i gcomhthéacs na tacaíochta a thugann an Iaráin d’iar-réimeas al-Assad trí threalamh agus pearsanra míleata a chur chuig an tSiria. Tá Fereydoun Mohammadi Saghaei, dá bhrí sin, ag tacú le hiar-réimeas al-Assad.	20.7.2023
353.	Mahmoud al-Dj	Dáta breithe: 26.7.1983; Áit bhreithe: Tell Rifaat, Aleppo, an tSiria; Náisiúntacht: Siriach/Libiach; Inscne: fireann	Is mórphearsa ghnó é Mahmoud al-Dj atá ag feidhmiú sa tSiria faoi iar-réimeas al-Assad; is leis roinnt cuideachtaí atá gníomhach in earnálacha éagsúla, cuir i gcás an lóistíocht agus an turasóireacht. Déanann sé idirbhearta aindleathacha idir daoine agus eintitis réimeas-chleamhnaithe sa tSiria agus in Oirthear na Libia a éascú, idirbhearta a bhaineann le támhshuanaigh, lastais arm agus amhais. Tá a stádas aige a bhuí lena dhlúthnaisc le hiar-réimeas al-Assad, as a mbaineann sé féin agus a chuid gnólachtaí tairbhe. Ar an taobh eile, tacaíonn a chuid gníomhaíochtaí le hiar-réimeas al-Assad agus cabhraíonn siad leis an réimeas rochtain a fháil ar ioncaim aindleathacha. Dá bhrí sin, tá sé ag baint tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus ag tabhairt tacaíochta dó.	22.1.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
354.	Yasser Hussein Ibrahim ar a dtugtar freisin Yassar Hussein Ibrahim يسار حسين إبراهيم	Dáta breithe: 9.4.1983; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Náisiúntacht: Siriach; Inscne: fireann	Is comhairleoir eacnamaíoch do Bashar al-Assad é Yasser Ibrahim agus feidhmíonn sé sa chomhairle eacnamaíoch atá á reáchtáil ag Asma al-Assad. In éineacht le Ali Najib Ibrahim, oibríonn sé roinnt cuideachtaí caocha, agus tá sé ina chló caoch lena gceiltear gníomhaíochtaí gnó Bashar al-Assad agus Asma al-Assad. Dá bhrí sin, tá Yasser Ibrahim ag baint tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus ag tabhairt tacaíochta dó.	22.1.2024;
355.	Bilal al-Naal (ar a dtugtar freisin al-Na'al)	Dáta breithe: 14.4.1975; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Náisiúntacht: Siriach; Inscne: fireann	Is bunaitheoir agus comhpháirtí san iliomad cuideachtaí trádála agus infheistíochta sa tSiria é Bilal al-Naal. Is ball de Chomhairle Gnó na Siria-na Rúise é, rud a chiallaíonn go bhfuil ról tábhachtach aige i ndáil leis na naisc eacnamaíocha idir an Rúis agus iar-réimeas al-Assad. Is feisire de pharlaimint na Siria é al-Naal chomh maith agus is iarchomhalta de chomhairle ghobharnóireacht na Damaisce é. Dá bhrí sin, is mórphearsa ghnó é Bilal al-Naal sa tSiria, agus ina cháil sin, tá sé ag tabhairt tacaíochta d'iar-réimeas al-Assad agus ag baint tairbhe as. Tá baint aige freisin le Fadi Saqr, Cham Holding agus Bishr al-Sabban.	22.1.2024
356.	Fahad Darwish (ar a dtugtar freisin Fahd/Fahed)	Dáta breithe: 1955; Áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; Náisiúntacht: Siriach/Iaránach; Inscne: fireann	Is é Fahd Darwish uachtarán Chomhlachas Comhpháirteach Tráchtála na Siria-na hIaráine. Ina theannta sin, is le Darwish iliomad gnólachtaí sa tSiria atá gníomhach in earnálacha éagsúla, cuir i gcas earnálacha trádála agus cógaisíochta agus is é a stiúrann na gnólachtaí céanna. Dá bhrí sin, is mórphearsa ghnó é Darwish atá ag feidhmiú sa tSiria, agus ina cháil sin, tá sé ag tabhairt tacaíochta d'iar-réimeas al-Assad agus ag baint tairbhe as.	22.1.2024
357.	Mohannad al-Dabbach	Dáta breithe: 6.3.1967; Náisiúntacht: Siriach/Iaránach; Inscne: fireann	Is col ceathrar le Asma al-Assad é Mohannad al-Dabbagh. Is comh-úinéir Takamol LLC é, cuideachta atá freagrach as an gclár "cártaí cliste leictreonacha" a bhainistiú agus atá á úsáid ó 2014 i leith chun bia fóirdheonaithe agus táirgí eile a dháileadh sa tSiria faoi scáth na hAireachta um Thrádáil Intíre agus um Chosaint Tomhaltóirí. Go sonrach, tuilleann Takamol LLC táille as gach idirbheart a dhéantar tríd an gcárta cliste. Dá bhrí sin, tá Mohannad al-Dabbagh ag baint tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus ag tabhairt tacaíochta dó.	22.1.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/1095/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
358.	Firas al-Akhras	Dáta breithe: 1.3.1978; Áit bhreithe: Londain, an Ríocht Aontaithe; Náisiúntacht: Siriach; Inscne: fireann	Is deartháir le Asma al-Assad é Firas al-Akhras. Is comhúinéir Takamol LLC é, cuideachta atá freagrach as an gclár "cártaí cliste leictreonacha" a bhainistiú, ar clár é atá in úsáid ó 2014 i leith chun bia fóirdheonaithe agus táirgí eile a dháileadh sa tSiria faoi scáth na hAireachta um Thrádáil Intíre agus um Chosaint Tomhaltóirí. Go sonrach, tuilleann Takamol LLC táille as gach idirbheart a dhéantar tríd an gcárta cliste. Dá bhrí sin, tá Firas al-Akhras ag baint tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus ag tabhairt tacaíochta dó.	22.1.2024
359.	Louai Emad El-Din al-MUNAJJID لؤي عماد الدين المنجد	Náisiúntacht: Siriach; Inscne: fireann	Aire Trádála Inmheánaí agus Cosanta Tomhaltóirí faoi iar-réimeas al-Assad. Ceapadh i mí Mheán Fómhair 2024 é. IarAire Gnóthaí Sóisialta agus Saothair. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá comhfhreagracht ar Louai Emad El-Din al-Munajjid as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	25.11.2024
360.	Firas Hassan QADDOUR فيراس حسان قدور	Dáta breithe: 1962; Áit bhreithe: an Damaisc; Náisiúntacht: Siriach; Inscne: fireann	Aire Peitriliam agus Acmhainní Mianracha faoi iar-réimeas al-Assad. Ceapadh i mí an Mhárta 2023 agus athcheapadh i mí Mheán Fómhair 2024 é. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá comhfhreagracht ar Firas Hassan Qaddour as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	25.11.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
361.	Ahmed Mohammad BUSTAJI أحمد بوسته جي	Áit bhreithe: Idleb; Náisiúntacht: Siriach; Inscne: fireann	Aire Stáit faoi iar-réimeas al-Assad. Ceapadh i mí an Mhárta 2023 agus athcheapadh i mí Mheán Fómhair 2024 é. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá comhfhreagracht ar Ahmed Mohammad Bustaji as an gcur faoi chois foréigneach a rinne iar-réimeas al-Assad ar an bpobal sibhialtach.	25.11.2024’;

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/1095/oj

(ii) i Roinn 'B. Eintitis', scriostar an 22 iontráil seo a leanas:

12. Real Estate Bank;

18. Syriatel;

19. Cham Press TV;

20. Al Watan;

27. Syria Trading Oil Company (Sytrol);

28. General Petroleum Corporation (GPC);

29. Al Furat Petroleum Company;

34. Syrian Lebanese Commercial Bank;

35. Deir ez-Zur Petroleum Company;

36. Ebla Petroleum Company;

37. Dijla Petroleum Company;

39. Syrian Petroleum Company;

40. Mahrukat Company;

41. General Organisation of Tobacco;

46. General Organisation of Radio and TV;

47. Syrian Company for Oil Transport;

49. Cotton Marketing Organisation;

54. Overseas Petroleum Trading;

56. The Baniyas Refinery Company;

57. The Homs Refinery Company;

63. Pangates International Corp Ltd;

95. Al-Aqila Company.

(iii) i Roinn ‘B. Eintitis’, in ionad na 50 iontráil a leanas, cuirtear an méid seo a leanas:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
‘1.	Bena Properties	Cham Holding Building, Dara’a Highway, Ashrafiyat Sahnaya Rif Dimashq, an tSiria, P.O. Box 9525	I seilbh Rami Makhlouf. An chuideachta réadmhaoine is mó sa tSiria agus géag réadmhaoine agus infheistíochta Cham Holding; soláthraíonn sé cistiú d’iar-réimeas al-Assad.	23.6.2011
2.	Al Mashreq Investment Fund (AMIF) (ar a dtugtar freisin Sunduq Al Mashrek Al Istithmari)	P.O. Box 108, an Damaisc, an tSiria; Fón: + 963 112110059 / 963 112110043; Facs: + 963 933333149	I seilbh Rami Makhlouf; soláthraíonn sé cistiú d’iar-réimeas al-Assad.	23.6.2011
3.	Hamcho International (ar a dtugtar freisin Hamsho International Group)	Baghdad Street, P.O. Box 8254, an Damaisc, an tSiria; Fón: + 963 112316675; Facs: + 963 112318875; Suíomh gréasáin: www.hamshointl.com; Rphost: info@hamshointl.com agus hamshogroup@yahoo.com	Is cuideachta sealbhaíochta mhór Shiriach é Hamcho International atá faoi úinéireacht Mohammed Hamcho. Baineann Hamcho International tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus tugann sé tacaíocht dó, agus tá baint aige le duine a bhaineann tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus a thugann tacaíocht dó.	27.1.2015
4.	Military Housing Establishment (ar a dtugtar freisin MILIHOUSE)		Cuideachta oibreacha poiblí arna rialú ag Riyad Shalish agus ag an Aireacht Cosanta; soláthraíonn sé cistiú d’iar-réimeas al-Assad.	23.6.2011
5.	Political Security Directorate (an Stiúrthóireacht um Slándáil Pholaitiúil)		Gníomhaireacht de chuid rialtais na Siria a bhfuil baint dhíreach aici leis an gcur faoi chois atá á dhéanamh faoi iar-réimeas al-Assad.	23.8.2011
6.	General Intelligence Directorate (an Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Ghinearálta)		Gníomhaireacht de chuid rialtais na Siria a bhfuil baint dhíreach aici leis an gcur faoi chois atá á dhéanamh faoi iar-réimeas al-Assad.	23.8.2011
7.	Military Intelligence Directorate (an Stiúrthóireacht um Fhaisnéis Mhíleata)		Gníomhaireacht de chuid rialtais na Siria a bhfuil baint dhíreach aici leis an gcur faoi chois atá á dhéanamh faoi iar-réimeas al-Assad.	23.8.2011

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/1095/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
8.	Air Force Intelligence Agency (Gníomhaireacht Faisnéise an Aerfhórsa)		Gníomhaireacht de chuid rialtais na Siria a bhfuil baint dhíreach aici leis an gcur faoi chois atá á dhéanamh faoi iar-réimeas al-Assad.	23.8.2011
9.	IRGC Qods Force (ar a dtugtar freisin Quds Force)	Tehran, an Iaráin	Is sainghéag de Iranian Islamic Revolutionary Guard Corps (Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí de chuid na hIaráine) (IRGC) an "Qods (nó Quds) Force". Tá baint ag an Qods Force le soláthar trealaimh agus tacaíochta a chuidíonn le hiar-réimeas al-Assad agóidí a chur faoi chois sa tSiria. Tá cúnamh teicniúil, trealamh agus tacaíocht tugtha ag an Qods Force do sheirbhísí slándála na Siria chun gluaiseachtaí agóide sibhialtaí a chur faoi chois.	23.8.2011
10.	Mada Transport	Fochuideachta de chuid Cham Holding (Sehanya Dara'a Highway, P.O. Box 9525); Fón: + 963 11 99 62	Eintiteas eacnamaíoch a mhaoiníonn iar-réimeas al-Assad.	2.9.2011
11.	Cham Investment Group	Fochuideachta de chuid Cham Holding (Sehanya Dara'a Highway, P.O. Box 9525); Fón: + 963 11 99 62	Eintiteas eacnamaíoch a mhaoiníonn iar-réimeas al-Assad.	2.9.2011
13.	Addounia TV (ar a dtugtar freisin Dounia TV)	Fón: + 963 11 5667274; + 963 11 5667271; Facs: + 963 11 5667272; Suíomh gréasáin: http://www.addounia.tv; Gaolta/comhlaigh ghnó/eintitis nó comhpháirtithe/naisc: SAMA TV (comhchuideachta); suíomh gréasáin: www.sama-tv.net	Tá foréigean i gcoinne an phobail sibhialta sa tSiria spreagtha ag Addounia TV faoi iar-réimeas al-Assad.	23.9.2011

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
14.	Cham Holding	Cham Holding Building - Dara'a Highway - Ashrafiyat Sahnaya Rif Dimashq – an tSiria PO Box 9525; Fón: + 963 11 9962; + 963 11 668 14000; + 963 11 673 1044; Facs: + 963 11 673 1274; Rphost: info@chamholding.sy; Suíomh gréasáin: www.chamholding.sy	Arna rialú ag Rami Makhlouf; an dara cuideachta sealbhaíochta is mó sa tSiria, atá ag baint tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus ag tacú leis.	23.9.2011
15.	El-Tel. Co. (El-Tel. Middle East Company) (ar a dtugtar freisin Abraj Tech)	Dair Ali Jordan Highway, P.O. Box 13052, an Damaisc, an tSiria; Fón: + 963 11 2212345; Facs: + 963 11 44694450; Rphost: sales@eltelme.com; Úinéir na cuideachta: Maher Dsouki; Suíomhanna gréasáin: www.eltelme.com, www.abrajtec.com	Monaraíonn agus soláthraíonn sé túir chumarsáide agus tharchurtha agus trealamh eile d'arm na Siria faoi iar-réimeas al-Assad.	23.9.2011
16.	Ramak Constructions Co.	Dara'a Highway, an Damaisc, an tSiria; Fón: + 963 11 6858111; Fón póca: +963 933 240231	Tógáil beairicí míleata, beairicí poist teorann agus foirgneamh eile a theastaíonn ón arm faoi iar-réimeas al-Assad.	23.9.2011

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
21.	Centre d'études et de recherches syrien (CERS) (ar a dtugtar freisin Centre d'Etude et de Recherche Scientifique (CERS); Scientific Studies and Research Centre (SSRC); Centre de Recherche de Kaboun)	Barzeh Street, P.O. Box 4470, an Damaisc, an tSiria	Soláthraíonn sé tacaíocht d'arm na Siria faoi iar-réimeas al-Assad chun trealamh a fháil a úsáidtear chun faireachas a dhéanamh ar léirsitheoirí agus chun iad a chur faoi chois faoi iar-réimeas al-Assad. Bíonn sé ag feidhmiú dó in earnáil leata na n-arm ceimiceach. Is é an t-eintiteas rialtais é atá freagrach as airm neamhghnácha a fhorbairt agus a tháirgeadh, lena n-áirítear airm cheimiceacha, mar aon leis na diúracáin lena seachadtar na hairm sin.	1.12.2011
42.	Ministry of Defence (an Aireacht Cosanta)	Umayyad Square, an Damaisc, an tSiria Fón: + 963 11 7770700	Brainse de chuid rialtas na Siria a bhfuil baint dhíreach aici leis an gcur faoi chois atá á dhéanamh faoi iar-réimeas al-Assad.	26.6.2012
43.	Ministry of Interior (an Aireacht Gnóthaí Baile)	Merjeh Square, an Damaisc, an tSiria Fón: + 963 11 2219400; + 963 11 2219401; + 963 11 2220220; + 963 11 2210404	Brainse de chuid rialtas na Siria a bhfuil baint dhíreach aici leis an gcur faoi chois atá á dhéanamh faoi iar-réimeas al-Assad.	26.6.2012
44.	Syrian National Security Bureau (Biúró Slándála Náisiúnta na Siria)		Brainse de rialtas na Siria agus eilimint de Pháirti Ba'ath na Siria. Bainteach go díreach leis an gcur faoi chois atá á dhéanamh faoi iar-réimeas al-Assad. D'ordaigh sé d'fhórsaí slándála na Siria fórsa as cuimse a úsáid i gcoinne léirsitheoirí.	26.6.2012
48.	Drex Technologies S.A.	Dáta ionchorpraithe: 4.7.2000; Uimhir ionchorpraithe: 394678; Stiúrthóir: Rami Makhlouf; Gníomhaire cláraithe: Mossack Fonseca & Co (BVI) Ltd	Is é Rami Makhlouf, duine atá liostaithe faoi smachtbhannaí an Aontais as tacaíocht airgeadais a thabhairt d'iar-réimeas al-Assad, úinéir Drex Technologies ina iomláine. Baineann Rami Makhlouf úsáid as Drex Technologies chun a chuid sealúchas airgeadais idirnáisiúnta a éascú agus a bhainistiú, lena n-áirítear sciar tromlaigh in SyriaTel ar cuideachta í a liostaigh an tAontas roimhe seo toisc go dtugann sí tacaíocht airgeadais freisin d'iar-réimeas al-Assad.	24.7.2012
52.	Megatrade	Aleppo Street, P.O. Box 5966, an Damaisc, an tSiria; Facs: + 963 11 4471081	Gníomhaíonn sé mar sheach-chuideachta don Scientific Studies and Research Centre (SSRC), atá liostaithe. Bainteach le trádáil earraí dé-úsáide le haghaidh iar-rialtas al-Assad, trádáil a bhfuil toirmeasc uirthi faoi smachtbhannaí an Aontais.	16.10.2012

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
53.	Expert Partners	Rukn Addin, Saladin Street, Building 5, P.O. Box 7006, an Damaisc, an tSiria	Gníomhaíonn sé mar sheach-chuideachta don Scientific Studies and Research Centre (SSRC), atá liostaithe. Bainteach le trádáil earraí dé-úsáide le haghaidh iar-rialtas al-Assad, trádáil a bhfuil toirmeasc uirthi faoi smachtbhannaí an Aontais.	16.10.2012
58.	Army Supply Bureau (Biúró Soláthair an Airm)	PO Box 3361, an Damaisc, an tSiria	Bainteach le soláthar trealaimh mhíleata chun tacú le hiar-réimeas al-Assad, agus dá bhrí sin, freagrach as an bpobal sibhialtach sa tSiria a chur faoi chois go foréigneach. Brainse d'Aireacht Cosanta na Siria.	23.7.2014
59.	Industrial Establishment of Defence (Bunaíocht Thionsclaíoch na Cosanta) (ar a dtugtar freisin Industrial Establishment of Defense (IED); Industrial Establishment for Defence; Defence Factories Establishment; Establissements Industriels de la Defense (EID); Establissement Industrial de la Defence (ETINDE), Coefficient Defense Foundation)	Al Thawraa Street, P.O. Box 2330 an Damaisc, an tSiria Nó Al-Hameh, Damascus Countryside, P.O. Box 2230, an tSiria	Bainteach le soláthar trealaimh mhíleata chun tacú le hiar-réimeas al-Assad, agus dá bhrí sin, freagrach as an bpobal sibhialtach sa tSiria a chur faoi chois go foréigneach. Brainse d'Aireacht Cosanta na Siria.	23.7.2014
60.	Higher Institute for Applied Sciences and Technology (HIAST) (والتكنولوجيالمعهد العالي للعلوم التطبيقية) (ar a dtugtar freisin Institut Supérieur des Sciences Appliquées et de Technologie (ISSAT))	P.O. Box 31983, Barzeh, an tSiria	Cleamhnaithe le Scientific Studies and Research Centre (SSRC) na Siria agus ina fochuideachta dá chuid, ar lárionad é atá ainmnithe ag an gComhairle cheana féin. Soláthraíonn sé oiliúint agus tacaíocht do SSRC agus dá bhrí sin tá sé freagrach as an bpobal sibhialtach a chur faoi chois go foréigneach faoi iar-réimeas al-Assad.	23.7.2014
61.	National Standards & Calibration Laboratory (NSCL)	PO Box 4470, an Damaisc, an tSiria	Cleamhnaithe le Scientific Studies and Research Centre (SSRC) na Siria agus ina fochuideachta dá chuid, ar lárionad é atá ainmnithe ag an gComhairle cheana féin. Soláthraíonn sé oiliúint agus tacaíocht do SSRC agus dá bhrí sin tá sé freagrach as an bpobal sibhialtach a chur faoi chois go foréigneach faoi iar-réimeas al-Assad.	23.7.2014

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/1095/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
65.	Organisation for Technological Industries (OTI) (ar a dtugtar freisin an Technical Industries Corporation (TIC))	PO Box 11037, an Damaisc, an tSiria	Fochuideachta d'Aireacht Cosanta na Siria, atá ainmnithe ag an Chomhairle. Bíonn baint ag OTI le táirgeadh arm ceimiceach d'iar-réimeas al-Assad. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as an bpobal sibhialtach sa tSiria a chur faoi chois go foréigneach. Tá sé bainteach le heintiteas ainmnithe freisin ós rud é gur fochuideachta d'Aireacht Cosanta na Siria é.	7.3.2015
67.	Hamsho Trading (ar a dtugtar freisin Hamsho Group; Hmisho Trading Group; Hmisho Economic Group)	Hamsho Building, 31 Baghdad Street, an Damaisc, an tSiria Hamsho group, Damascus countryside – northern road-ring, Hamsho for trading and constructions; Rphost: info@hamsho-group.com; Fón: 00963 (11) 3227530	Fochuideachta de Hamsho International, atá ainmnithe ag an gComhairle. Dá bhrí sin, tá Hamsho Trading bainteach le heintiteas ainmnithe, Hamsho International. Tugann sé tacaíocht d'iar-réimeas al-Assad trína chuid fochuideachtaí, lena n-áirítear Syria Steel. Tá sé bainteach le grúpaí mar shampla mílístí Shabiha, atá ar son iar-réimeas al-Assad, trína fhochuideachtaí.	7.3.2015
72.	Rawafed Damascus Private Joint Stock Company (ar a dtugtar freisin Rawafed/Rawafid/Rawafed (Tributary)روافدDamascus Private Joint Stock Company)	An Damaisc, an tSiria	Is comhfhiontar USD 48,3 milliún é Rawafed Damascus Private Joint Stock Company idir Damascus Cham Holding, Ramak Development agus Humanitarian Projects, Al-Ammar LLC, Timeet Trading LLC (ar a dtugtar freisin Ultimate Trading Co. Ltd.), agus Wings Private JSC. Tacaíonn Rawafed le hiar-réimeas al-Assad agus/nó baineann sé tairbhe as an réimeas sin trína bheith rannpháirteach sa tsófhorbraíocht Marota City.	21.1.2019
73.	Aman Damascus Joint Stock Company (ar a dtugtar freisin Aman Damascus JSC)	An Damaisc, an tSiria	Is comhfhiontar USD 18,9 milliún é idir Damascus Cham Holding agus Aman Group. Tacaíonn Aman Damascus le hiar-réimeas al-Assad agus/nó baineann sé tairbhe as an réimeas sin trína bheith rannpháirteach sa tsófhorbraíocht Marota City, a fhaigheann tacaíocht ó iar-réimeas al-Assad.	21.1.2019

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
74.	Bunyan Damascus Private Joint Stock Company (ar a dtugtar freisin Bunyan Damascus Private JSC)	An Damaisc, an tSiria	Is comhfhiontar USD 34,8 milliún é idir Damascus Cham Holding agus Apex Development agus Projects LLC agus Tamayoz LLC. Tacaíonn Bunyan Damascus Joint Stock Company le hiar-réimeas al-Assad agus/nó baineann sé tairbhe as an réimeas sin trína bheith rannpháirteach sa tsófhorbraíocht Marota City, a fhaigheann tacaíocht ó iar-réimeas al-Assad.	21.1.2019
75.	Mirza	An Damaisc, an tSiria	Is comhfhiontar USD 52,7 milliún é idir Damascus Cham Holdings agus Talas Group. Tacaíonn Mirza le hiar-réimeas al-Assad agus/nó baineann sé tairbhe as an réimeas sin trína bheith rannpháirteach sa tsófhorbraíocht Marota City, a fhaigheann tacaíocht ó iar-réimeas al-Assad.	21.1.2019
77.	Al Qatarji Company (ar a dtugtar freisin Qatarji International Group; Al-Sham agus Al-Darwish Company; Qatirji/Khatirji/Katarji/Katerji Group) (مجموعة/شركة قاطرجي)	Cineál eintitis: cuideachta phríobháideach; Earnáil ghnó: allmhairiú/onnmhairiú; cuideachta trucaile; ola agus tráchtearraí a sholáthar; Ainm an Stiúrthóra/na Bainistíochta: Hussam al-Qatirij, CEO (ainmnithe ag an gComhairle); Úinéir tairbhiúil deiridh: Hussam al-Qatirij (ainmnithe ag an gComhairle); Seoladh cláraithe: Mazzah, an Damaisc, an tSiria; Gaolta/comhlaigh ghnó/eintitis nó comhpháirtithe/naisc: Arvada/Arfada Petroleum Company JSC	Cuideachta mór le rá atá ag feidhmiú in earnálacha éagsúla i ngeilleagar na Siria. Trí thrádáil breosla, arm agus armlóin a éascú idir iar-réimeas al-Assad agus gníomhaithe éagsúla, lena n-áirítear ISIL (Da'esh) faoi scáth earraí bia a allmhairiú agus a onnmhairiú, trí thacú le mílístí atá ag troid i dteannta iar-réimeas al-Assad agus trí thairbhe a bhaint as an gceangal atá aici le hiar-réimeas al-Assad chun a gníomhaíochtaí tráchtála féin a leathnú, tacaíonn Al Qatarji Company – dar ceann feadhna an duine ainmnithe Hussam al-Qatirji ar comhalta é de Thionól Mhuintir na Siria – le hiar-réimeas al-Assad agus baineann sí leas as .	17.2.2020

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/1095/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
78.	Damascus Cham Holding Company (ar a dtugtar freisin Damascus Cham Private Joint Stock Company) (القابضة الشام دمشق)	Cineál eintitis: cuideachta atá faoi úinéireacht phoiblí faoin dlí príobháideach; Earnáil gnó: forbairt réadmhaoine; Ainm an Stiúrthóra/na Bainistíochta: Adel Anwar al-Olabi, cathaoirleach Bhord na Stiúrthóirí agus Gobharnóir ar an Damaisc (ainmnithe ag an gComhairle); Úinéir tairbhiúil deiridh: Gobharnóireacht na Damaisce; Gaolta/comhlaigh ghnó/eintitis nó comhpháirtithe/naisc: Rami Makhlouf (ainmnithe ag an gComhairle); Samer Foz (ainmnithe ag an gComhairle); Mazen Tarazi (ainmnithe ag an gComhairle); Talas Group, atá faoi úinéireacht an fhir gnó Anas Talas (ainmnithe ag an gComhairle); Khaled al-Zubaidi (ainmnithe ag an gComhairle).	Ba é iar-réimeas al-Assad a bhunaigh Damascus Cham Holding Company, mar ghéag infheistíochta de Ghobharnóireacht na Damaisce chun maoin Ghobharnóireacht na Damaisce a bhainistiú agus tionscadal Marota City a chur chun feidhme — tionscadal réadmhaoine galánta lonnaithe ar thalamh a díshealbhaíodh faoi Fhoraithne66 agus Dlí10 go háirithe. Trí bhainistiú a dhéanamh ar chur chun feidhme Marota City, tacaíonn Damascus Cham Holding Company (dar cathaoirleach Gobharnóir na Damaisce) le hiar-réimeas al-Assad agus baineann sí tairbhe as an réimeas sin agus soláthraíonn sí sochair do lucht gnó a bhfuil dlúthcheangal acu le hiar-réimeas al-Assad agus a bhfuil margaí brabúsacha déanta acu leis an eintiteas sin trí chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí.	17.2.2020
79.	Velada LLC ООО Велада	Seoladh: Ochakovskoye Shosse, Dom 28, Building 2, Local 3, Room 8, Moscó, 119530, Cónaidhm na Rúise; Dáta a cruthaithe: 29.6. 2015	Is cuideachta phríobháideach é Velada LLC a bhfuil baint aici leis an earnáil ola agus gáis sa tSiria. I mí na Nollag 2019, d'fhormheas Parlaimint na Siria conradh lena dtugtar an ceart do Velada LLC ola agus gás a fhorbairt sa tSiria, lena n-áirítear in olacheantair sna ceantair atá faoi rialú an réimis in Oirthuaisceart na Siria agus gáscheantar lastuaidh den Damaisc. Baineann sí tairbhe, dá bhrí sin, as iar-réimeas al-Assad nó tacaíonn sí leis.	13.12.2021
80.	Mercury LLC ООО Меркурий	Seoladh: Leninsky Prospekt, Dom 137, Building 1, Local 2, Room 5, Moscó, Cónaidhm na Rúise	Is cuideachta phríobháideach é Mercury LLC a bhfuil baint aici leis an earnáil ola agus gáis sa tSiria. I mí na Nollag 2019, d'fhormheas Parlaimint na Siria conradh lena dtugtar an ceart do Mercury LLC ola agus gás a fhorbairt sa tSiria, lena n-áirítear in olacheantair sna ceantair atá faoi rialú an réimis in Oirthuaisceart na Siria agus gáscheantar lastuaidh den Damaisc. Baineann sí tairbhe, dá bhrí sin, as iar-réimeas al-Assad nó tacaíonn sí leis.	13.12.2021

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
81.	Evro Polis LLC ООО Евро Полис	Seoladh: Ulitsa Bratev, Gozozankinykh, Dom 2B, Pomeshchenie 3.1., Krasnogorsk, 143409, Cónaidhm na Rúise; Gaolta/Comhlaigh: General Petroleum Corp.	Is cuideachta phríobháideach é Evro Polis LLC, atá nasctha le Grúpa Wagner sa tSiria, a bhfuil baint aici leis na hearnálacha mianadóireachta, ola agus gáis sa tSiria. Is cuid den Ghrúpa Wagner i ndáiríre é Evro Polis LLC sa tSiria. Tá roinnt conarthaí sínithe aige le hiar-réimeas al-Assad, tríd an General Petroleum Corp., ar leis an Stát é, faoina bhfaigheann sé 25 % de na fáltais ó tháirgeadh ola agus gáis i bpáirceanna a ghabhann an Grúpa Wagner. Baineann sí tairbhe, dá bhrí sin, as iar-réimeas al-Assad nó tacaíonn sí leis.	13.12.2021
82.	Sanad Protection and Security Services (شركة سند للحرسات والخدمات الأمنية)	An cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta Dáta a cruthaithe: 22 Deireadh Fómhair 2017 Ceanncheathrú: an Damaisc	Is cuideachta slándála phríobháideach Shiriach é Sanad Protection and Security Services, a bunaíodh in 2017 agus atá faoi mhaoirseacht an Ghrúpa Wagner sa tSiria, atá gníomhach i gcosaint leasanna na Rúise (fosfáití, gás agus láithreáin ola a dhaingniú) sa tSiria. Le saothrú acmhainní nádúrtha, soláthraítear ioncam d'iar-réimeas al-Assad. Ina theannta sin, tá an chuideachta gníomhach in earcú amhas de chuid na Siria le cur chuig an Libia agus an Úcráin. Dá bhrí sin, tacaíonn an chuideachta le hiar-réimeas al-Assad agus baineann sí tairbhe as.	21.7.2022
83.	Fourth Armoured Division of the Syrian Army (an Ceathrú Rannán Armúrtha d'Arm na Siria) الفرقة الرابع	Áit chlárúcháin: an Damaisc; Príomhionad gnó: Críoch réimeas na Siria sa tSiria; Daoine aonair comhlachaithe: Maher al-Assad, Ghassan Belal	Tá Fourth Armoured Division (an Ceathrú Rannán Armúrtha) ar cheann de na haonaid mhíleata is suntasaí d'arm na Siria le linn iar-réimeas al-Assad faoi stiúir Maher al-Assad agus faoi cheannas Ghassan Bilal. Tá an Ceathrú Rannán Armúrtha freagrach as an bpobal sibhialtach sa tSiria a chur faoi chois go foréigneach. Déanann an Ceathrú Rannán Armúrtha brabús freisin ó gheilleagar an chogaidh, go háirithe an gháinneáil ar Captagon. Is samhail ghnó faoi stiúir iar-réimeas al-Assad í an trádáil in Captagon anois, rud a shaibhríonn ciorcal inmheánach iar-réimeas al-Assad agus a choinníonn beo é. Dá bhrí sin, tá an Ceathrú Rannán Armúrtha ag baint tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus ag tacú leis.	24.4.2023

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/1095/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
84.	Neptunus LLC/Neptune LLC company شركة نبتونوس المحدودة المسؤولية نبتونس أوفرسيز المحدودة	Áit chlárúcháin: Lattakia, an tSiria; Dáta clárúcháin: 2017	Tá baint ag Neptunus LLC le hoibríochtaí drugaí i gcalafort Latakia. Dá bhrí sin, baineann Neptunus LLC tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus tacaíonn sé leis. Chomhbhunaigh Taher Al-Kayali Neptunus LLC.	24.4.2023
85.	Areen foundation (fondúireacht Areen)/مؤسسة العرين	Áit chlárúcháin: an tSiria; Dáta clárúcháin: 1999; Príomhionad gnó: an tSiria; Daoine aonair comhlachaithe: Asma al-Assad (bean chéile Bashar al-Assad agus Stiúrthóir na fondúireachta)	Ligeann al-Areen foundation (fondúireacht al-Areen) uirthi féin gur fondúireacht charthanachta atá inti, ach tá dlúthcheangal aici le mílístí atá cleamhnaithe le hiar-réimeas al-Assad. Stiúrann Asma al-Assad, bean chéile an iarUachtaráin, fondúireacht al-Areen. Tá cabhair á cur ar fáil ag an bhfondúireacht i gcomhréir le beartais agus tosaíochtaí iar-réimeas al-Assad, agus dá bhrí sin, tá sí ag baint tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus ag tacú leis.	24.4.2023
86.	Stroytransgaz/Стройтрансгаз	Faisnéis eile: Stroytransgaz Group, Stroytransgaz (STG) Logistic, Stroytransgaz (STG) Engineering, STG Engineering	Is cuideachta Rúiseach innealtóireachta agus tógála é Stroytransgaz atá ag feidhmiú sa tSiria agus a ghlac ceannas ar na mianaigh fosfáite is mó sa tSiria, i measc rudaí eile. Tá Stroytransgaz, dá bhrí sin, ag baint tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus ag tacú leis.	24.4.2023
87.	Gecopham, the General Company for Phosphate and Mines (Gecopham, an Chuideachta Ghinearálta um Fhosfáit agus Mianaigh) الشركة العامة للفوسفات و المناجم	Seoladh: Palmyra Road, Homs, Poblacht Arabach na Siria; Fón: 00963312751122; Rphost: info@gecopham.sy; Bainisteoir ginearálta: Younes Ramadan	Rialaíonn Aireacht Peitriliam agus Acmhainní Mianracha na Siria Gecopham agus tugann sé tacaíocht airgeadais d'iar-réimeas al-Assad. Dá bhrí sin, tacaíonn sé le hiar-réimeas al-Assad.	24.4.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
88.	Al-Jabal Security and Protection LLC شركة الجبل لخدمات الحماية والحراسة	Seoladh: F6XR+495, Malek Bin Rabeaa, an Damaisc, an tSiria; An cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta; Áit chlárúcháin: an Damaisc; Dáta clárúcháin: 19.10.2017; Príomhionad gnó: an Damaisc, an tSiria; Daoine aonair comhlachaithe: Osama Mohammad al-Maliki	Is le Osama al-Maliki Al-Jabal Security and Protection LLC agus bainistíonn sé freisin é. Feidhmíonn Al-Jabal Security and Protection LLC mar chuideachta chaoch chun go bhféadfar leanúint de ghníomhaíochtaí an mhílíste réimeas-chleamhnaithe Saraya al-Areen 313. Dá bhrí sin, tá Al-Jabal Security and Protection LLC ag baint tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus ag tacú leis.	24.4.2023
89.	Castle for Security and Protection LLC شركة القلعة للحماية والحراسة والخدمات الأمني ar a dtugtar freisin Castle Security and Protection LLC, Citadel for Security and Protection	Seoladh: Saraya Roundabout, Western Villas, Mazze, an Damaisc, an tSiria; An cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta; Áit chlárúcháin: an Damaisc, an tSiria; Dáta clárúcháin: 18.10.2017; Príomhionad gnó: an Damaisc, an tSiria; Faisnéis eile: Earnáil: Mílíste a ndearnadh Cuideachta Slándála de; Uimhir theileafóin: + 963116119331; + 963943800808	Is cuideachta phríobháideach é Castle for Security and Protection LLC a ghníomhaíonn mar chuideachta chaoch don Cheathrú Rannán d'Arm Arabach na Siria atá faoi stiúir Maher al-Assad. Tá baint ag Castle for Security freisin le gáinneáil ar thámhshuanaigh. Is samhail ghnó faoi stiúir iar-réimeas al-Assad í an trádáil in Captagon anois, rud a shaibhríonn ciorcal inmheánach iar-réimeas al-Assad agus a choinníonn beo é. Dá bhrí sin, tá sé ag baint tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus ag tacú leis.	24.4.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
90.	Aman for Protection and Security LLC شركة أمان للحماية والحراسة الأمنية	Seoladh: Damascus Countryside; An cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta; Áit chlárúcháin: Damascus Countryside; Dáta clárúcháin: 10.10.2018; Uimhir chlárúcháin: 2906; Príomhionad gnó: Damascus Countryside, an tSiria; Daoine aonair comhlachaithe: Muhammad Abdo Assad	Is cuideachta phríobháideach é Aman for Protection and Security LLC, a ghníomhaíonn mar chuideachta chaoch do mhílíste Hosn al-Watan, a bhunaigh Muhammad Abdo Assaad. Dá bhrí sin, tá sé ag baint tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus ag tacú leis.	24.4.2023
91.	Al-Dj Group (ar a dtugtar freisin ALDJ)	Áit chlárúcháin: an Damaisc, an tSiria; Príomhionad gnó: an tSiria	Is eintiteas gnó Siriach é Al-Dj Group atá faoi úinéireacht Mahmoud al-Dj agus á bhainistiú aige. Mar chuideachta sealbhaíochta is úinéir é ar Freebird Travel Agency agus tá sé á oibriú aige freisin, ar gníomhaire é Freebird Travil Agency do Cham Wings Airlines, a eitlíonn go minic idir an tSiria agus an Libia, agus amhais agus támhshuanaigh á smuigleáil aige. Ina theannta sin, tá baint ag al-Dj Group le Al-Tair Company, cuideachta eile ar le Mahmoud al-Dj í. Tríd an scéim sin de chaidrimh ghnó, ina bhfuil ról lárnach ag Al-Dj Group, úsáidtear loingseoireacht lastais agus eitiltí d'idirbhearta aindleathacha idir daoine agus eintitis sa tSiria agus in Oirthear na Libia atá cleamhnaithe leis an réimeas, lena n-áirítear do lastais támhshuanach. Baineann iar-réimeas al-Assad tairbhe as gníomhaíochtaí Al-Dj Group agus tacaíonn siad leis rochtain a fháil ar ioncaim aindleathacha.	22.1.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
92.	Cham Wings	Áit chlárúcháin: an Damaisc, an tSiria; Príomhionad gnó: an Damaisc, an tSiria	Is eintiteas gnó Siriach é Cham Wings Airlines atá faoi úinéireacht Muhammad Issam Shammout. Baineann Cham Wings úsáid as a cuid eitiltí freisin chun amhais Shiriacha a aistriú, airm a thrádáil, gáinneáil támhshuanach a dhéanamh agus airgead a sciúradh, rudaí a thacaíonn le gníomhaíochtaí iar-réimeas al-Assad. Dá bhrí sin, agus é an t-aon aerlíne phríobháideach sa tSiria, tá Cham Wings ag baint tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus ag tabhairt tacaíocht dó.	22.1.2024
93.	Freebird Travel Agency	Áit chlárúcháin: an tSiria, Dubai; Príomhionad gnó: an Damaisc, an tSiria	Is eintiteas gnó Siriach é Freebird Travel Agency atá faoi úinéireacht Al-Dj Group agus á rith aige, gnó é féin atá faoi úinéireacht Mahmoud al-Dj agus á bhainistiú aige. Feidhmíonn Freebird mar phríomhghníomhaire do Cham Wings Airlines, agus dá bhrí sin, baineann sé tairbhe as iar-réimeas al-Assad agus tugann sé tacaíocht dó.	22.1.2024
94.	Iloma Investment Private JSC (ar a dtugtar freisin Eloma)	Áit chlárúcháin: an Damaisc, an tSiria; Dáta clárúcháin: 2023; Príomhionad gnó: an Damaisc, an tSiria	Bunaíodh Iloma Investment Private JSC ag tús 2023 chun úinéireacht a ghlacadh ar gheall le leath d'aerphort na Damaisce. Is cló caoch é Iloma do mhuintir Assad agus is cuid d'iarrachtaí iar-réimeas al-Assad é tairbhe a bhaint as ionramháil an gheilleagair. Dá bhrí sin, tá Iloma ag tabhairt tacaíocht d'iar-réimeas al-Assad agus tá sí ag baint tairbhe as.	22.1.2024'.

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/1095/oj